Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 148

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

4 Aibreán 2022

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

2022/C 148/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

Cúirt Bhreithiúnais

2022/C 148/02 Cás C-9/20: Breithiúnas na Cúirte (an cúigiú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamh rialú ón Finanzgericht Hamburg – an Ghearmáin) – Grundstücksgemeinschaft Kollaustraße 136 v Finanzamt Hamburg-Oberalster 2

2022/C 148/03 Cás C-219/20: Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landesverwaltungsgericht Steiermark – an Ostair) – LM v Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (Tarchur chun réamhrialú – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Oibrithe a phostú – Treoir 96/71/CE – Airteagal 3(1)(c) – Téarmaí agus coinníollacha fostaíochta – Luach saothair – Airteagal 5 – Pionóis – Tréimhse theorann – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 41 – An ceart chun dea-riaracháin – Airteagal 47 – Cosaint bhreithiúnach éifeachtach) 2

2022/C 148/04 Cás C-485/20: Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Bheilg) – XXXX v HR Rail SA (Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 2000/78/CE – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Toirmeasc ar idirdhealú ar fhoras an mhíchumais – Dífhostú oibrí a bhí éagumasach bunfheidhmeanna an phoist a chomhlíonadh go buan – Oiliúint a chur i gcrích ag ball foirne mar chuid d'earcaíocht – Airteagal 5 – Réiteach réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas – Ceanglas athshannadh go post eile – Oibleagáid nach bhfuil sé ina ualach díréireach don fhostóir) 3

GA

2022/C 148/05 Cás C-487/20: Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Alba Iulia – an Rómáin) – Philips Orăştie S.R.L. v Direcţia Generală de Administrare a Marilor Contribuabili (Tarchur chun réamhrialú – Reachtaíocht chánach a chomhchuibhiú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagail 179 agus 183 – Ceart chun CBL a asbhaint – Coinníollacha – Cúitimh nó aisíoc ar CBL breise – Oibleagáidí íocaíochta sa bhreis – Prionsabal na neodrachta fioscaí – Prionsabail an chomhionannais agus na héifeachtachta) 3

2022/C 148/06 Cás C-499/20: Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Symvoulio tis Epikrateias – an Ghréig) – DIMCO Dimovasili M.I.K.E v Ypourgos Perivallontos kai Energeias (Tarchur chun réamhrialú – Dlíthe a comhfhogasú – Treoir 97/23/EC – Brú-Threalamh – Marcáil CE – A chur ar an margadh agus a chur i seirbhís – Srianta atá dírithe ar dhaoine a chosaint – Airteagail 34 agus 36 CFAE – Reachtaíocht náisiúnta lena leagtar amach srianta ar mhodh suiteála píopaí gáis) 4

2022/C 148/07 Cás C-522/20: Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) OE v VY (Tarchur chun réamhrialú – Bailíocht – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Dlínse iarratais ar cholscaradh a éisteacht agus a chinneadh – Airteagal 18 CFAE – Rialachán (AE) Uimh. 2201/2003 – Cúigiú agus séu fleasc d'Airteagal 3(1)(a) – Difríocht idir fhad na riachtanais maidir le tréimhse chónaithe ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh ar cé acu a bhfuil dlínse acu – Difríocht idir cónaitheoir ar náisiúnach de chuid Ballstát na cúirte arna tugadh an t-iarratas ós a comhair é agus cónaitheoir nach náisiúnach den Bhallstát sin é – Easpa idirdhealú de bhíthin náisiúntachta) 4

2022/C 148/08 Cás C-564/20: Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (Iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Uachtarach – Éire) – PF, MF v An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (Tarchur chun réamhrialú – An comhbheartas iascaigh – Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 – Córas rialaithe – Airteagail 33(2)(a) agus 34 – Taifead ar ghabhálacha agus iarracht iascaireachta – Tarchur chuig an gCoimisiún Eorpach maidir le líon na nephrops arna ngabháil – Deis sonraí seachas na cinn sa logleabhar iascaireachta a úsáid – Modh réasúnta agus bailí ó thaobh na heolaíochta chun próiseáil agus fíorú a dhéanamh ar shonraí – Iascaigh a dhúnadh) 5

2022/C 148/09 Cás C-595/20: Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerischtschof – An Ostair) – UE v ShareWood Switzerland AG, VF (Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhar sibhialta – Dlí is infheidhme in oibleagáidí conarthacha – Rialachán (EC) Uimh. 593/2008 (An Róimh I) – Conarthaí tomhaltais – Rogha an dlí is infheidhme – Airteagal 6(4)(c) – Eisiamh ar chonarthaí a bhaineann le ceart in rem le maoine dochorraithe nó do thionóntacht maoine dochorraithe – Conradh díolacháin, lena n-áirítear comhaontú léasa agus comhaontú seirbhíse, a bhaineann le crainn arna gcur chun iad a shaothrú le haghaidh brábúis amháin) 6

2022/C 148/10 Cás C-156/21: Breithiúnas na Cúirte (an Chúirt iomlán) an 16 Feabhra 2022 – An Ungáir v Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh (Caingean le haghaidh neamhniú – Rialacháin (AE, Euratom) 2020/2092 – Córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint – Cosaint bhuiséad an Aontais i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát – Bunús dlí – Airteagal 322(1)(a) CFAE – Imchéimniú líomhnaithe ar Airteagal 7 CAE agus ar Airteagal 269 CFAE – Sáruithe líomhnaithe ar Airteagail 4(1), 5(2) agus 13(2) CAE agus ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla, na comhréireachta agus chomhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí) 6

2022/C 148/11 Cás C-157/21: Breithiúnas na Cúirte (an Chúirt iomlán) an 16 Feabhra 2022 – Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh (Caingean le haghaidh neamhniú – Rialacháin (AE, Euratom) 2020/2092 – Córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint – Cosaint bhuiséad an Aontais i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát – Bunús dlí – Airteagal 322(1)(a) CFAE – Airteagal 311 CFAE – Airteagal 312 CFAE – Imchéimniú líomhnaithe ar Airteagal 7 CAE agus ar Airteagal 269 CFAE – Sáruithe líomhnaithe ar Airteagail 4(1), 5(2) agus 13(2) CAE, ar an dara mír d'Airteagal 296 CFAE, ar Phrótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus ar phrionsabail na tabhartha, na deimhneachta dlíthiúla, na comhréireachta agus chomhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí – Líomhain mí-úsáid cumhachta) 7

2022/C 148/12 Cás C-674/21 P: Achomharc arna thabhairt an 10 Samhain 2021 ag Residencial Palladium, S.L. i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Cúigiú Dlísheomra) a fógraíodh an 1 Mean Fómhair 2021 i gCás T-566/20, Residencial Palladium v EUIPO – Palladium Gestión (Palladium Hotel Garden Beach) 8

2022/C 148/13 Cás C-675/21: Iarraidh ar réamh rialú ó Supremo Tribunal de Justiça (an Phortaingéil) a taisceadh an 10 Samhain 2021– Strong-Charon – Soluções de Segurança, S.A. v 2045 – Empresa de Segurança, S.A., FL 8

2022/C 148/14 Cás C-678/21 P: Achomharc arna thabhairt an 10 Samhain 2021 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an naoú Dlísheomra) a fógraíodh an 1 Mean Fómhair 2022 i gCás T-463/20 Sony Interative Entertainment v EUIPO 8

2022/C 148/15 Cás C-679/21 P: Achomharc arna thabhairt an 10 Samhain 2021 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tríú Dlísheomra) a fógraíodh an 1 Mean Fómhair 2021 i gCás T-561/20 Sony Interactive Entertainment Europe v EUIPO 8

2022/C 148/16 Cás C-777/21: Iarraidh ar réamh rialú ón Tribunale di Napoli (an Iodáil) a taisceadh an 15 Nollag – VB v Comune di Portici 9

2022/C 148/17 Cás C-2/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Erfurt (an Ghearmáin) arna taisceadh an 3 Eanáir 2022 – HK v Allianz Lebensversicherungs AG 9

2022/C 148/18 Cás C-8/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Bheilg) a taisceadh an 5 Eanáir 2022 – XXX v Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides 10

2022/C 148/19 Cás C-12/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Okresný súd Prešov (an tSlóvaic) a taisceadh an 6 Eanáir 2022– UR v 365.bank a.s. 10

2022/C 148/20 Cás C-26/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgericht Wiesbaden (an Ghearmáin) a taisceadh an 11 Eanáir 2022 – UF v Land Hesse 12

2022/C 148/21 Cás C-53/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per la Lombardia (an Iodáil), an 26 Eanáir 2022 – VZ v CA 13

2022/C 148/22 Cás C-56/22: Iarraidh ar réamhrialú ón tribunal de première instance de Liège (an Bheilg) a taisceadh an 28 Eanáir 2022 – PL v État belge 13

2022/C 148/23 Cás C-64/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Wiesbaden (an Ghearmáin) a taisceadh an 2 Feabhra 2022 – AB v Land Hessen 14

2022/C 148/24 Cás C-85/22: Caingean arna taisceadh an 8 Feabhra 2022 – an Coimisiún Eorpach v Poblacht na Bulgáire 15

2022/C 148/25 Cás C-109/22: Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2022 – an Coimisiún Eorpach v an Rómáin . 16

2022/C 148/26 Cás C-116/22: Caingean arna taisceadh an 18 Feabhra 2022 – an Coimisiún Eorpach v Poblacht Chónaidhme na Gearmáine 17

Chúirt Ghinearálta

2022/C 148/27 Cás T-195/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – GEA Group v An Coimisiúin . 19

2022/C 148/28 Cás T-520/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Heitec v EUIPO – Hetec Datensysteme (HEITEC) 19

2022/C 148/29 Cás T-672/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Companhia de Seguros Índico v an Coimisiún 19

2022/C 148/30 Cás T-791/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Sped-Pro v an Coimisiún 19

2022/C 148/31 Cás T-709/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Feabhra 2022 OJ v An Coimisiún 19

2022/C 148/32 Cás T-736/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 11 Feabhra 2022 – OP v an Coimisiún 20

2022/C 148/33 Cás T-67/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 4 Feabhra 2022 –ultra air v EUIPO – Donaldson Filtration Deutschland (ultrafilter international) (Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Caingne neamhbhailíochta agus cúlghairme – Focalmharc an Aontais Eorpaigh ultrafilter international – Iarraidh ar thiontú go hiarratas ar thrádmharc náisiúnta – Caingean cúlghairme nach bhfuil cuspóir leis a thuilleadh – Caingean atá go follasach gan bhunús sa dlí) 20

2022/C 148/34 Cás T-459/21: Órdú na Cúirte Ginearálta an 11 Feabhra 2022 – Calrose Rice v EUIPO – Ricegrowers (Sunwhite) 20

2022/C 148/35 Cás T-464/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Feabhra 2022 – Faller e.a. v an Coimisiún 21

2022/C 148/36 Cás T-739/21 R: Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 7 Feabhra 2022 – Eurecna v an Coimisiún (Bearta idirlinne – Conarthaí soláthair phoiblí – Iarratas ar bhearta idirlinne – Easpa práinne) 21

2022/C 148/37 Cás T-53/22 R: Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 11 Feabhra 2022 – Collard v an Pharlaimint agus ID (Bearta eatramhacha – Dlí institiúideach – Feisire Parlaiminte – Feisire a chur ar fionraí agus a eisiamh óna ghrúpa polaitiúil – Iarratas ar bhac ar fhorghníomhú – Sárú ar cheanglais fhoirmiúla – Do-ghlacthacht) 21

2022/C 148/38 Cás T-54/22 R: Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 11 Feabhra 2022 – Rivière v an Pharlaimint agus ID (Bearta eatramhacha – Dlí institiúideach – Feisire Parlaiminte – Feisire a chur ar fionraí agus a eisiamh óna ghrúpa polaitiúil – Iarratas ar bhac ar fhorghníomhú – Sárú ar cheanglais fhoirmiúla – Do-ghlacthacht) 22

2022/C 148/39 Cás T-711/21: Caingean arna tabhairt an 4 Samhain 2021 – ID e.a v an Pharlaimint 22

2022/C 148/40 Cás T-724/21: Caingean arna tabhairt an 11 Samhain 2021 – IL e.a v an Pharlaimint 22

2022/C 148/41 Cás T-41/22: Caingean arna tabhairt an 21 Eanáir 2022 – Fundacja Instytut na rzecz Kultury Prawnej Ordo Iuris v an Pharlaimint 22

2022/C 148/42 Cás T-59/22: Caingean arna tabhairt an 31 Eanáir 2022 – Conserve Italia agus Conserves France v an Coimisiún 23

2022/C 148/43 Cás T-62/22: Caingean arna taisceadh an 28 Eanáir 2022 – an Eastóin v an Coimisiún 24

2022/C 148/44 Cás T-63/22: Caingean arna tabhairt an 1 Feabhra 2022 – Brooks England v EUIPO – Brooks Sports (BROOKS ENGLAND) 25

2022/C 148/45 Cás T-69/22: Caingean arna tabhairt an 4 Feabhra 2022 – Eurecna v an Coimisiún 26

2022/C 148/46 Cás T-73/22: Caingean arna tabhairt an 8 Feabhra 2022 – Walsall Conduits v EUIPO – Liberty Engineering (Willenhall) (WALSALL CONDUITS) 27

2022/C 148/47 Cás T-75/22: Caingean arna tabhairt an 11 Feabhra 2022 – Prigozhin v an Chomhairle 28

2022/C 148/48 Cás T-76/22: Caingean arna tabhairt an 9 Feabhra 2022 – Schwa-Medico v EUIPO – Med-El Elektromedizinische Geräte (STIWELL) 29

2022/C 148/49 Cás T-81/22: Caingean arna tabhairt an 11 Feabhra 2022 – Euranimi v Commission 30

2022/C 148/50 Cás T-82/22: Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2022 – Bambu Sales v EUIPO (BAMBU) 30

2022/C 148/51 Cás T-83/22: Caingean arna tabhairt an 14 Feabhra 2022 – Selimfiber v EUIPO – Qureshi (SPETRA) 31

2022/C 148/52 Cás T-84/22: Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2022 – Credit Suisse Group agus páirtithe eile v an Coimisiún 32

2022/C 148/53 Cás T-89/22: Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Homy Casa v EUIPO – Albatros International (Cathaoireacha) 33

2022/C 148/54 Cás T-90/22: Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Kande Mupompa v an Chomhairle . . . 34

2022/C 148/55 Cás T-91/22: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Ruhorimbere v an Chomhairle 34

2022/C 148/56 Cás T-92/22: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Amisi Kumba v an Chomhairle 35

2022/C 148/57 Cás T-93/22: Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Ramazani Shadary v an Chomhairle . . 36

2022/C 148/58 Cás T-94/22: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Mutondo v an Chomhairle 36

2022/C 148/59 Cás T-95/22: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Kanyama v an Chomhairle 37

2022/C 148/60 Cás T-96/22: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Kampete v an Chomhairle 37

2022/C 148/61 Cás T-97/22: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Ilunga Luyoyo v an Chomhairle 38

2022/C 148/62 Cás T-98/22: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Boshab v an Chomhairle 39

2022/C 148/63 Cás T-100/22: Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Ciar/EUIPO – Motion (Gléas láimhseála) 39

2022/C 148/64 Cás T-125/22: Caingean arna tionscnamh an 8 Márta 2022 – RT France v an Chomhairle 40

2022/C 148/65 Cás T-491/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Feabhra 2022–El Corte Inglés v EUIPO – Ou (-Vpro) 41

2022/C 148/66 Cás T-665/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Feabhra 2022– Civitta Eesti v an Coimisiún 41

2022/C 148/67 Cás T-707/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Feabhra 2022– Hoteles Olivencia v EUIPO – Corporacion H10 Hotels (HOTELES HO) 41

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2022/C 148/01)

Foilseachán deiridh

IO C 138, 28.3.2022

Foilseacháin stairiúla

IO C 128, 21.3.2022

IO C 119, 14.3.2022

IO C 109,7.3.2022

IO C 95, 28.2.2022

IO C 84, 21.2.2022

IO C 73, 14.2.2022

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

CÚIRT BHREITHIÚNAIS

Breithiúnas na Cúirte (an cúigiú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamh rialú ón Finanzgericht Hamburg – an Ghearmáin) – Grundstücksgemeinschaft Kollaustraße 136 v Finanzamt Hamburg-Oberalster

(Cás C-9/20) [1]

(2022/C 148/02)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

[1] IO C 137 an 27.04.2020

Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landesverwaltungsgericht Steiermark – an Ostair) – LM v Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld

(Cás C-219/20) [1]

(Tarchur chun réamhrialú – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Oibrithe a phostú – Treoir 96/71/CE – Airteagal 3(1)(c) – Téarmaí agus coinníollacha fostaíochta – Luach saothair – Airteagal 5 – Pionóis – Tréimhse theorann – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 41 – An ceart chun dea-riaracháin – Airteagal 47 – Cosaint bhreithiúnach éifeachtach)

(2022/C 148/03)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Landesverwaltungsgericht Steiermark

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: LM

Cosantóir: Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld

Idiragraí: Österreichische Gesundheitskasse

An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas

Ní mór Airteagal 5 de Threoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollag 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i bhfianaise phrionsabal ginearálta dhlí an Aontais a bhaineann leis an gceart chun dea-riaracháin, a léirmhíniú nach gcuirtear cosc leis an Treoir sin ar reachtaíocht naisiúnta lena bhforáiltear 5 bliana mar thréimhse theorann mar gheall ar mhainneachtain oibleagáid maidir le luach saothair oibrithe ar postú a chomhlíonadh.

[1] IO C 304, 14.09.2020

Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Bheilg) – XXXX v HR Rail SA

(Cás C-485/20) ([1])

(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Treoir 2000/78/CE – Cóir chomhionann san fhostaíocht agus sa tslí bheatha – Toirmeasc ar idirdhealú ar fhoras an mhíchumais – Difhostú oibrí a bhí éagumasach bunfheidhmeanna an phoist a chomhlíonadh go buan – Oiliúint a chur i gcrích ag ball foirne mar chuid d'earcaíocht – Airteagal 5 – Réiteach réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas – Ceanglas athshannadh go post eile – Oibleagáid nach bhfuil sé ina ualach díréireach don fhostóir)

(2022/C 148/04)

Teanga an cháis: an Fhraincis

An chúirt a rinne an tarchur

Conseil d'État

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: XXXX

Cosantóir: HR Rail SA

An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas

Ní mór Airteagal 5 de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na cóire comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha a léirmhíniú amhail is gciallaítear léi, nach mór de réir an choincheapa "cóiríocht réasúnta" do daoine faoi mhíchumas, de réir bhrí an Airteagail sin, nach mór fostaí, lena n-airítear daoine atá ar thréimhse phromhaidh tar éis a n-earcaíochta, ar dearbhaíodh ina leith nach bhfuil sé de chumas orthu de bharr a míchumais bunfheidhmeanna an phoist atá acu a chomhlíonadh, a shannadh go post eile ina bhfuil an cumas riachtanach, acmhainn acu agus dá bhfuil siad ar fáil chuige, ach amháin má chuirtear ualach díréireach ar an bhfostóir leis an mbeart sin.

([1]) IO C 9 an 11.01.2021

Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Alba Iulia – an Rómáin) – Philips Orăştie S.R.L. v Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili

(Cás C-487/20) ([1])

(Tarchur chun réamhrialú – Reachtaíocht chánach a chomhchuibhiú – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagail 179 agus 183 – Ceart chun CBL a asbhaint – Coinníollacha – Cúitimh nó aisíoc ar CBL breise – Oibleagáidí íocaíochta sa bhreis – Prionsabal na neodrachta fioscaí – Prionsabail an chomhionannais agus na héifeachtachta)

(2022/C 148/05)

Teanga an cháis: an Rómáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Curtea de Apel Alba Iulia

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Philips Orăştie S.R.L.

Cosantóir: Direcția Generală de Administrare a Marilor Contribuabili

An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas

Ní mór an chéad mhír d'Airteagail 179 agus 183(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, chomh maith le prionsabal an chomhionannais, a léirmhíniú go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos rialacha nós imeachta mionsonraithe lena rialaítear caingne i leith aisíoc cánach breisluacha (CBL), bunaithe ar shárú ar chomhchóras CBL, is lú fabhraí ná atá infheidhme i gcás caingne gaolmhara bunaithe ar shárú an dlí náisiúnta a bhaineann le custaim agus cáin seachas CBL.

(1) IO C 433, 14.12.2020

Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Symvoulio tis Epikrateias – an Ghréig) – DIMCO Dimovasili M.I.K.E v Ypourgos Perivallontos kai Energeias

(Cás C-499/20) (1)

(Tarchur chun réamhrialú – Dlíthe a comhfhogasú – Treoir 97/23/EC – Brú-Threalamh – Marcáil CE – A chur ar an margadh agus a chur i seirbhís – Srianta atá dírithe ar dhaoine a chosaint – Airteagail 34 agus 36 CFAE – Reachtaíocht náisiúnta lena leagtar amach srianta ar mhodh suiteála píopaí gáis)

(2022/C 148/06)

Teanga an cháis: an Ghréigis

An chúirt a rinne an tarchur

Symvoulio tis Epikrateias

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: DIMCO Dimovasili M.I.K.E.

Cosantóir: Ypourgos Perivallontos kai Energeias

An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas

Ba cheart Airteagal 4(1)(1.1) agus Iarscríbhinn I a gabhann le Treoir 97/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Bealtaine 1997 maidir le comhfhogasú dlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh 1882/2003 de Pharlaimint na hEorpa agus an Comhairle an 29 Meán Fómhair 2003, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(2) de Threoir 97/23, a léirmhíniú nach gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta, lena leagtar síos, chun sábháilteacht daoine a chinntiú, go háirithe i gcoinne creathanna talún, modhanna áirithe chun brú-threalamh a suiteáil, amhail píopaí d'iompar gáis, lena n-áirítear cinn le marcáil CE, ar choinníoll nach mbeidh aon mhodhnú ar an trealamh de bharr na reachtaíochta sin agus nach mbeidh sí ina bac a thoirmeasctar le hAirteagal 34 agus 36 CFAE.

(1) IO C 433, 14.12.2020

Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) OE v VY

(Cás C-522/20) (1)

(Tarchur chun réamhrialú – Bailíocht – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Dlínse iarratais ar cholscaradh a éisteacht agus a chinneadh – Airteagal 18 CFAE – Rialachán (AE) Uimh. 2201/2003 – Cúigiú agus séu fleasc d'Airteagal 3(1)(a) – Difríocht idir fhad na riachtanais maidir le tréimhse chónaithe ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh ar cé acu a bhfuil dlínse acu – Difríocht idir cónaitheoir ar náisiúnach de chuid Ballstát na cúirte arna tugadh an t-iarratas ós a comhair é agus cónaitheoir nach náisiúnach den Bhallstát sin é – Easpa idirdhealú de bhíthin náisiúntachta)

(2022/C 148/07)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Oberster Gerichtshof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: OE

Cosantóir: VY

An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas

Caithfidh prionsabal an neamh-idirdhealaithe de bhíthin náisiúntachta, a chumhdaítear in Airteagal 18 CFAE, a léiriú sa chaoi nach gcuireann sé cosc ar chás ina chuirtear dlínse chúirteanna an Bhallstáit atá sa chríocha ina bhfuil gnáthchónaí an iarratasóir lonnaithe, dá bhforáiltear sa séu eangaí d'Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000, faoi réir an iarratasóir a bheith ina chónaitheoir nó ina cónaitheoir ar feadh íostréimhse díreach roimh an t-iarratas a dhéanamh atá sé mhí níos giorra ná an tréimhse dá bhforáiltear sa chúigiú fleasc d'Airteagal 3(1)(a) den rialachán sin de bhíthin gur náisiúnach den Bhallstát sin é nó í an duine atá i dtrácht.

(1) IO C 35 an 01.02.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Séú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (Iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Uachtarach – Éire) – PF, MF v An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

(Cás C-564/20) (1)

(Tarchur chun réamhrialú – An comhbheartas iascaigh – Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 – Córas rialaithe – Airteagail 33(2)(a) agus 34 – Taifead ar ghabhálacha agus iarracht iascaireachta – Tarchur chuig an gCoimisiún Eorpach maidir le líon na nephrops arna ngabháil – Deis sonraí seachas na cinn sa logleabhar iascaireachta a úsáid – Modh réasúnta agus bailí ó thaobh na heolaíochta chun próiseáil agus fíorú a dhéanamh ar shonraí – Iascaigh a dhúnadh)

(2022/C 148/08)

Teanga an cháis: an Béarla

An chúirt a rinne an tarchur

An Chúirt Uachtarach

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: PF, MF

Cosantóirí: An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, An t-Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara

An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas

Ní mór Airteagail 33(2)(a) agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015, a léirmhíniú amhail nach bhfuil sé de cheangal ar údarás rialaithe aonair de Bhallstát fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach ach i leith sonraí arna dtaifeadadh ag máistrí soithí iascaireachta sa logleabhar iascaireachta, de bhun Airteagail 14 agus 15 den Rialachán sin, ach gur féidir modh réasúnta agus bailí ó thaobh na heolaíochta de a úsáid, mar shampla 'an mhodheolaíocht i leith "am caite", chun próiseáil a dhéanamh ar na sonraí chun cruinneas líon na nghabhálacha a chuirfear in iúl don Choimisiún a chinntiú.

(1) IO C 19 an 18.01.2021

Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 10 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerischtschof – An Ostair) – UE v ShareWood Switzerland AG, VF

(Cás C-595/20) ([1])

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhar sibhialta – Dlí is infheidhme in oibleagáidí conarthacha – Rialachán (EC) Uimh. 593/2008 (An Róimh I) – Conarthaí tomhaltais – Rogha an dlí is infheidhme – Airteagal 6(4)(c) – Eisiamh ar chonarthaí a bhaineann le ceart in rem le maoine dochorraithe nó do thionóntacht maoine dochorraithe – Conradh díolacháin, lena n-áirítear comhaontú léasa agus comhaontú seirbhíse, a bhaineann le crainn arna gcur chun iad a shaothrú le haghaidh brábúis amháin)

(2022/C 148/09)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Oberster Gerichtshof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: UE

Cosantóir: ShareWood Switzerland AG, VF

An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas

Ní mór Airteagal 6(4)(c) de Rialachán (EC) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) a léirmhíniú go gciallaítear leis nach bhfuil conradh díolacháin, lena n-airítear comhaontú léasa agus comhaontú seirbhíse, a bhaineann le crainn arna gcur ar thalamh ar léas chun iad a shaothrú le haghaidh brábúis amháin, ina "chonradh maidir le ceart in rem le maoine dochorraithe nó do thionóntacht maoine dochorraithe" de réir bhrí na forála sin.

([1]) IO C 35, 01.02.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Chúirt iomlán) an 16 Feabhra 2022 – An Ungáir v Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

(Cás C-156/21) ([1])

(Caingean le haghaidh neamhniú – Rialacháin (AE, Euratom) 2020/2092 – Córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint – Cosaint bhuiséad an Aontais i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát – Bunús dlí – Airteagal 322(1)(a) CFAE – Imchéimniú líomhnaithe ar Airteagal 7 CAE agus ar Airteagal 269 CFAE – Sáruithe líomhnaithe ar Airteagail 4(1), 5(2) agus 13(2) CAE agus ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla, na comhréireachta agus chomhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí)

(2022/C 148/10)

Teanga an cháis: an Ungáiris

Páirtithe

Iarratasóir: An Ungáir (ionadaithe: Z. Fehér agus M. M Tátrai, i gcáil gníomhairí)

Idiragraí ag tacú leis an iarratasóir: Poblacht na Polainne (ionadaithe: M. B. Majczyna agus S. Żyrek, i gcáil gníomhairí)

Cosantóirí: Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: F. Drexler, R. Crowe, U. Rösslein, T. Lukácsi agus A. Pospíšilová Padowska, i gcáil gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. de Gregorio Merino, E. Rebasti, A. Tamás agus A. Sikora-Kalėda, i gcáil gníomhairí)

Idiragraithe chun tacú leis na cosantóirí: Ríocht na Beilge (ionadaithe: C. Pochet, M. Jacobs agus L. Van den Broeck, i gcáil gníomhairí), Ríocht na Danmhairge (ionadaithe: M. Søndahl Wolff agus M. J. Nymann-Lindegren ar dtús, agus ag M. Søndahl Wolff agus V. Pasternak Jørgensen ina dhiaidh sin, i gcáil gníomhairí), Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (ionadaithe: J. Möller agus R. Kanitz, i gcáil gníomhairí), Éire (ionadaithe: M. Browne, J. Quaney agus A. Joyce, i gcáil gníomhairí, le cúnamh ó D. Fennelly, abhcóide), Ríocht na Spáinne (ionadaithe: J. Rodríguez de la Rúa Puig agus S. Centeno Huerta ar dtús, agus ag J. Rodríguez de la Rúa Puig agus A. Gavela Llopis ina dhiaidh sin, i gcáil gníomhairí), Poblacht na Fraince (ionadaithe: A.-L. Desjonquères, A.-C. Drouant agus E. Leclerc, i gcáil gníomhairí), Ard-Diúcacht Lucsamburg (ionadaithe: A. Germeaux agus T. Uri ar dtús, agus ag A. Germeaux ina dhiaidh sin, i gcáil gníomhairí), Ríocht na hIsiltíre (ionadaithe: M. K. Bulterman agus J. Langer, i gcáil gníomhairí), Poblacht na Fionlainne (ionadaithe: H. Leppo agus S. Hartikainen, i gcáil gníomhairí), Ríocht na Sualainne (ionadaithe: O. Simonsson, J. Lundberg, C. Meyer-Seitz, A. Runeskjöld, H. Shev, M. Salborn Hodgson, H. Eklinder agus R. Shahsavan Eriksson, i gcáil gníomhairí), an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: D. Calleja Crespo, J.-P. Keppenne, J. Baquero Cruz agus A. Tokár, i gcáil gníomhairí)

An chuid oibríochtúil

1. Déantar an t-achomharc a dhíbhe.

2. Ordaítear don Ungáir, chomh maith lena costais féin, na costais arna dtabhú ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle an Aontais Eorpaigh a iompar.

3. Is ar Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Éire, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Polainne, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus an Coimisiún Eorpach a gcostais féin a iompar.

([1]) IO C 138, an 19.04.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Chúirt iomlán) an 16 Feabhra 2022 – Poblacht na Polainne v Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh

(Cás C-157/21) ([1])

(Caingean le haghaidh neamhniú – Rialacháin (AE, Euratom) 2020/2092 – Córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais Eorpaigh a chosaint – Cosaint bhuiséad an Aontais i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát – Bunús dlí – Airteagal 322(1)(a) CFAE – Airteagal 311 CFAE – Airteagal 312 CFAE – Imchéimniú líomhnaithe ar Airteagal 7 CAE agus ar Airteagal 269 CFAE – Sáruithe líomhnaithe ar Airteagail 4(1), 5(2) agus 13(2) CAE, ar an dara mír d'Airteagal 296 CFAE, ar Phrótacal (Uimh. 2) maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm agus ar phrionsabail na tabhartha, na deimhneachta dlíthiúla, na comhréireachta agus chomhionannas na mBallstát i bhfianaise na gConarthaí – Líomhain mí-úsáid cumhachta)

(2022/C 148/11)

Teanga an cháis: an Pholainnis

Páirtithe

Iarratasóir: Poblacht na Polainne (ionadaithe: B. Majczyna agus S. Żyrek, i gcáil gníomhairí)

Idiragraí chun tacú leis an iarratasóir: An Ungáir (ionadaithe: M. Z. Fehér agus M. M. Tátrai, i gcáil gníomhairí)

Cosantóirí: Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: R. Crowe, F. Drexler, U. Rösslein, T. Lukácsi agus A. Pospíšilová Padowska, i gcáil gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. de Gregorio Merino, E. Rebasti, A. Tamás agus A. Sikora-Kalėda, i gcáil gníomhairí)

Idiragraithe chun tacú leis na cosantóirí: Ríocht na Beilge (ionadaithe: M. Jacobs, C. Pochet agus L. Van den Broeck, i gcáil gníomhairí), Ríocht na Danmhairge (ionadaithe: M. Søndahl Wolff agus J. Nymann-Lindegren ar dtús, agus ag M. Søndahl Wolff agus V. Pasternak Jørgensen ina dhiaidh sin, i gcáil gníomhairí), Poblacht Chónaidhme na Gearmáine (ionadaithe: J. Möller agus R. Kanitz, i gcáil gníomhairí), Éire (ionadaithe: M. Browne, J. Quaney agus A. Joyce, i gcáil gníomhairí, le cúnamh ó D. Fennelly, abhcóide), Ríocht na Spáinne (ionadaithe: J. Rodríguez de la Rúa Puig agus S. Centeno Huerta ar dtús, agus ag J. Rodríguez de la Rúa Puig agus A. Gavela Llopis ina dhiaidh sin, i gcáil gníomhairí), Poblacht na Fraince (ionadaithe: A.-L. Desjonquères, A.-C. Drouant agus E. Leclerc, i gcáil gníomhairí), Ard-Diúcacht Lucsamburg (ionadaithe: A. Germeaux agus T. Uri ar dtús, agus ag A. Germeaux ina dhiaidh sin, i gcáil gníomhairí), Ríocht na hIsiltíre (ionadaithe: M. K. Bulterman agus J. Langer, i gcáil gníomhairí), Poblacht na Fionlainne (ionadaithe: H. Leppo agus S. Hartikainen, i gcáil gníomhairí), Ríocht na Sualainne (ionadaithe: O. Simonsson, J. Lundberg, C. Meyer-Seitz, A. Runeskjöld, H. Shev, M. Salborn Hodgson, H. Eklinder agus R. Shahsavan Eriksson, i gcáil gníomhairí), an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: D. Calleja Crespo, J.-P. Keppenne, J. Baquero Cruz agus K. Herrmann, i gcáil gníomhairí)

An chuid oibríochtúil

1. Déantar an t-achomharc a dhíbhe.

2. Ordaítear do Phoblacht na Polainne, chomh maith lena costais féin, na costais arna dtabhú ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle an Aontais Eorpaigh a iompar.

3. Is ar Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Éire, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus an Coimisiún Eorpach a gcostais féin a iompar.

([1]) IO C 138, an 19.04.2021

Achomharc arna thabhairt an 10 Samhain 2021 ag Residencial Palladium, S.L. i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Cúigiú Dlísheomra) a fógraíodh an 1 Mean Fómhair 2021 i gCás T-566/20, Residencial Palladium v EUIPO – Palladium Gestión (Palladium Hotel Garden Beach)

(Cás C-674/21 P)

(2022/C 148/12)

Teanga an cháis: an Spáinnis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Iarraidh ar réamh rialú ó Supremo Tribunal de Justiça (an Phortaingéil) a taisceadh an 10 Samhain 2021– Strong-Charon – Soluções de Segurança, S.A. v 2045 – Empresa de Segurança, S.A., FL

(Cás C-675/21)

(2022/C 148/13)

Teanga an cháis: an Portaingéilis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Achomharc arna thabhairt an 10 Samhain 2021 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an naoú Dlísheomra) a fógraíodh an 1 Mean Fómhair 2022 i gCás T-463/20 Sony Interative Entertainment v EUIPO

(Cás C-678/21 P)

(2022/C 148/14)

Teanga an cháis: an Béarla

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Achomharc arna thabhairt an 10 Samhain 2021 i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tríú Dlísheomra) a fógraíodh an 1 Mean Fómhair 2021 i gCás T-561/20 Sony Interactive Entertainment Europe v EUIPO

(Cás C-679/21 P)

(2022/C 148/15)

Teanga an cháis: an Béarla

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Iarraidh ar réamh rialú ón Tribunale di Napoli (an Iodáil) a taisceadh an 15 Nollag – VB v Comune di Portici

(Cás C-777/21)

(2022/C 148/16)

Teanga an cháis: an Iodáilis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Erfurt (an Ghearmáin) arna taisceadh an 3 Eanáir 2022 – HK v Allianz Lebensversicherungs AG

(Cás C-2/22)

(2022/C 148/17)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Landgericht Erfurt

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: HK

Cosantóir: Allianz Lebensversicherungs AG

Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An gcuireann dlí an Aontais, go háirithe Airteagal 31 den tríú Treoir maidir le hárachas saoil ([1]) agus Airteagal 15(1) den dara Treoir maidir le hárachas saoil ([2]), i gcomhar, más iomchuí, le hAirteagal 38 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, bac ar reachtaíocht náisiúnta i gcás nach gcuirfear, faoin reachtaíocht sin, faisnéis tomhaltóirí iomlán in iúl ach amháin i ndiaidh don tomhaltóir iarratas a dhéanamh, is é sin le rá, ach amháin leis an bpolasaí árachais ("an múnla polasaí")?

   Más freagra dearfach a gheofar ar an gceist sin: An gciallaíonn sé sin, leis féin, go bhfuil ceart ag tomhaltóir agóid a dhéanamh, eadhon, ceart an conradh árachais a fhreaschur?

   An bhféadfaí cur i gcoinne ceart den sórt sin trí fhorghéilleadh nó drochúsáid ceart a phléadáil nó an bhfuil teorainn eile ann, ar nós teorainn ama, a bhaineann lena fheidhmiú?

2. Maidir le hárachóir nár thug aon fhaisnéis nó nár thug ach faisnéis mhíchruinn don tomhaltóir maidir lena cheart chun agóid a dhéanamh, an bhfuil cosc air forghéilleadh, drochúsáid ceart nó imeacht aimsire a mhaíomh i gcoinne na gceart atá ag an tomhaltóir dá bharr sin, lena n-áirítear, go háirithe, an ceart chun agóid a dhéanamh?

3. Maidir le hárachóir nár chuir aon fhaisnéis tomhaltóirí ar fáil nó nár chuir ach faisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn ar fáil don tomhaltóir, an bhfuil cosc air forghéilleadh, drochúsáid cearta nó imeacht aimsire a mhaíomh i gcoinne na gceart atá ag an tomhaltóir dá bharr sin, lena n-áirítear, go háirithe, an ceart chun agóid a dhéanamh?

([1]) Treoir 92/96/CEE ón gComhairle an 10 Samhain 1992 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le hárachas díreach (árachas saoil) agus lena leasaítear Treoracha 79/267/CEE agus 90/619/CEE (tríú Treoir um árachas saoil) (IO 1992 L 360, lch. 1).

([2]) Dara Treoir 90/619/CEE ón gComhairle an 8 Samhain 1990 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le hárachas díreach (árachas saoil) agus lena leagtar síos forálacha chun feidhmiú éifeachtach na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a éascú agus lena leasaítear Treoir 79/267/CEE (IO 1990 L 330, lch. 50).

Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Bheilg) a taisceadh an 5 Eanáir 2022 – XXX v Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides

(Cás C-8/22)

(2022/C 148/18)

Teanga an cháis: an Fhraincis

An chúirt a rinne an tarchur

Conseil d'État

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: XXX

Cosantóir: Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1) An gcaithfear Airteagal 14[(4)(b)] de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus inneachar na cosanta a thugtar ([1]) a léirmhíniú sa chaoi go bhforáiltear leis go bhfuil an bhagairt don tsochaí bunaithe ar an bhfíric gur ciontaíodh an tairbhí de stádas dídeanaí i leith coir fhíorthromchúiseach, le breithiúnas nach féidir achomharc a dhéanamh ina choinne, agus ar an bhfíric sin amháin, nó an gcaithfear é a léirmhíniú sa chaoi go bhforáiltear leis nach leor ciontú i leith coir fhíorthromchúiseach, nach féidir achomharc a dhéanamh ina choinne, chun a shuíomh go bhfuil bagairt ann don tsochaí?

2) Más rud é nach leor ciontú nach féidir achomharc a dhéanamh ina choinne i leith coir fhíorthromchúiseach chun a shuíomh go bhfuil bagairt ann don tsochaí, an gcaithfear Airteagal 14[(4)(b)] de Threoir 2011/95/AE a léirmhíniú sa chaoi go gcuirtear de cheangal ar an mBallstát a léiriú gur bagairt é an t-iarratasóir don tsochaí fós, ó ciontaíodh é? An gá don Bhallstát a shuíomh gur bagairt dháiríre láithreach é sin nó an leor bagairt ionchasach a bheith ann? An gcaithfear Airteagal 14[(4)(b)] de Threoir 2011/95/AE, ann féin nó i gcomhar le prionsabal na comhréireachta, a léirmhíniú sa chaoi go gceadaítear stádas duine mar dhídeanaí a aisghairm sa chás amháin go bhfuil an aisghairm sin comhréireach agus go bhfuil an bhagairt ó thairbhí an stádais sin tromchúiseach go leor chun údar cuí a thabhairt don aisghairm?

3) Más rud é nach gcaithfidh an Ballstát a léiriú gur bagairt é an t-iarratasóir don tsochaí fós, ó ciontaíodh é, agus gur bagairt dháiríre láithreach é atá tromchúiseach go leor chun údar cuí a thabhairt le stádas duine mar dhídeanaí a aisghairm, an gcaithfear Airteagal 14[(4)(b)] de Threoir 2011/95/AE a léirmhíniú sa chaoi go dtugtar le tuiscint leis go bhfuil an bhagairt don tsochaí bunaithe, i bprionsabal, ar an bhfíric gur ciontaíodh tairbhí den stádas dídeanaí i leith coir fhíorthromchúiseach, i mbreithiúnas nach féidir achomharc a dhéanamh ina choinne, ach gur féidir leis a léiriú nach bhfuil sé ina bhagairt nó nach bhfuil sé ina bhagairt a thuilleadh?

([1]) IO 2011 L 337, lch. 9.

Iarraidh ar réamhrialú ón Okresný súd Prešov (an tSlóvaic) a taisceadh an 6 Eanáir 2022– UR v 365. bank a.s.

(Cás C-12/22)

(2022/C 148/19)

Teanga an cháis: an tSlóvaicis

An chúirt a rinne an tarchur

Okresný súd Prešov

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: UR

Cosantóir: 365.bank a.s.

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An ionann na mionsonraí a shonraítear sa chomhaontú creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí arna thabhairt i gcrích an 21 Nollaig 2016, mar a luaitear i dtéacs an ordaithe seo, agus cineál an chreidmheasa a shonrú go soiléir gonta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(2)(a) de Threoir 2008/48/CE? ([1])

2. An ionann na mionsonraí a shonraítear sa chomhaontú creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí arna thabhairt i gcrích an 21 Nollaig 2016, mar a luaitear i dtéacs an ordaithe seo, agus cineál an chreidmheasa a shonrú go soiléir gonta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(2)(c) de Threoir 2008/48/CE?

3. An ionann na mionsonraí a shonraítear sa chomhaontú creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí arna thabhairt i gcrích an 21 Nollaig 2016, mar a luaitear i dtéacs an ordaithe seo, agus cineál an chreidmheasa a shonrú go soiléir gonta, mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(2)(g) de Threoir 2008/48/CE, agus

   — an gcaithfear foirmle mhatamaiticiúil a úsáideadh chun APRC a ríomh, mar aon leis na hathróga a úsáideadh, agus an ríomh féin a chuimsiú sa chomhaontú creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí,

   — an leor na hathróga is gá chun APRC a ríomh a chuimsiú i dtéacs an chomhaontaithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí, nó an gcaithfear iad a athlua go sainráite gur foshuímh chun APRC a ríomh iad?

4. An féidir Treoir 93/13/EEC ([2]) a léirmhíniú amhail go gceanglaítear léi, maidir le reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta, go gcuirfear oibleagáid ar chúirt a dhearbhú go bhfuil téarma conarthach éagórach fiú má tá deireadh leis an gcaidreamh conarthach, mar atá sa chás seo?

5. An bhfuil cleachtas breithiúnach, lena dtoimhdítear, i gcás go líomhnaítear go bhfuil easpa ceanglas éigeantach le comhaontú creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí, go raibh sin ar eolas ag an tomhaltóir cheana tráth a síníodh an comhaontú creidmheasa, go háirithe i gcás inar dheimhnigh an tomhaltóir ar leithligh gur chuir sé nó sí féin eolas ar an gcomhaontú creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí le doiciméid creidmheasa eile gaolmhara a shíniú (mar shampla an fhoirm maidir le faisnéis chaighdeánach um chreidmheas tomhaltóra, liosta na ndoiciméad arna bhfáil, etc.) ar neamhréir le Treoir 85/374/CÉ ina hiomláine, an cúigiú haithris di go háirithe (de bhrí, go ginearálta, nach bhfuil na rialacha dlí lena rialaítear conarthaí le haghaidh díol earraí nó seirbhísí i mBallstáit seachas a mBallstát féin ar eolas ag tomhaltóirí; de bhrí go bhféadfadh an easpa eolais sin iad a chur ó idirbhearta díreacha le haghaidh ceannach earraí nó seirbhísí i mBallstáit eile)?

6. An bhfuil sé ar neamhréir le prionsabal na cosanta tomhaltóirí agus le prionsabal na héifeachtachta dá bhforálfaí le dlí náisiúnta ní hamháin do thréimhse teorann shuibiachtúil chun caingean a thionscnamh ar mhaithe le saibhriú éagórach arna fháil ag an soláthraí lena bhfuil an tomhaltóir thíos a aisghabháil, ach dá bhforálfaí do thréimhse teorann oibiachtúil ar bhonn critéar neodrach (saibhriú éagórach a tharlú) chomh maith, ionas nach bhfuiltear faoi réir dhearbhú an tomhaltóra agus faoina réir amháin agus tús na tréimhse teorann á shocrú agus gan fíordheis a bheith ag an soláthróir é nó í féin a chosaint tríd an teorainn a phléadáil dá bhrí sin?

7. An bhfuil sé i gcomhréir le prionsabal na cosanta tomhaltóirí agus le prionsabal na héifeachtachta easnamh ar bith sa chomhaontú creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí arna dhréachtú ag soláthróir a mheas go huathoibríoch mar locht d'aon ghnó ó thaobh an tsoláthróra?

8. An bhfuil prionsabal na héifeachtachta i mbreithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a luaitear thíos le léirmhíniú maidir leis an tréimhse teorann le haghaidh caingean chun saibhriú éagórach a aisghabháil, arna fháil mar gheall ar nádúr saor ó ús agus ó mhuirear an chreidmheasa i ngeall ar locht, nach dtosaíonn sé ach ón am a thugann cúirt breithiúnas maidir le locht den sórt sin (mar shampla lena socrú nádúr saor ó ús agus ó mhuirear an creidmheas)?

9. Cathain a ceanglaítear le prionsabal na héifeachtachta go dtosaíonn an tréimhse teorainn, mar a chuirtear i bhfeidhm i mbreithiúnais na Cúirte Breithiúnais a luaitear thíos?

([1]) Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO L 133, 22.5.2008, lch. 66).

([2]) Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagothroma i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29, Eagrán speisialta trí mheán na Slóvacaise: Caibidil 15 Imleabhar 002 LCH. 288).

Iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgericht Wiesbaden (an Ghearmáin) a taisceadh an 11 Eanáir 2022 – UF v Land Hesse

(Cás C-26/22)

(2022/C 148/20)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Verwaltungsgericht Wiesbaden

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: UF

Cosantóir: Land Hesse

Páirtí uamtha: SCHUFA Holding AG

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An bhfuil Airteagal 77(1), i gcomhar le hAirteagal 78(1), de Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) (RGCS) le tuiscint, maidir leis an toradh a chinnfidh an t-údarás maoirseachta agus a chuirfidh sé in iúl sonraí,

   a) an mbeidh cineál cinnidh ar achainí leis?

      Chiallódh sin go mbeadh athbhreithniú bhreithiúnach de chinneadh ar ghearán ag údarás maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 78(1) de RGCS, i bprionsabal, teoranta don cheist i dtaobh an bhfuil an gearán láimhsithe ag an údarás, an ndearnadh imscrúdú ar ábhar an ghearáin a mhéid is iomchuí agus an gearánach a chur ar an eolas i leith thoradh an imscrúdú.

      nó

   b) ar chóir é a thuiscint mar chinneadh le tuillteanais arna dhéanamh ag údarás poiblí?

      Chiallódh sin go mbeadh cinneadh ar ghearán a thógfadh údarás maoirseachta faoi réir athbhreithniú substainteach iomláin ag an gcúirt i gcomhréir le hAirteagal 78(1) de RGCS, lena gcuirfidh, i gcásanna indibhidiúil – mar shampla nuair a laghdaítear lánrogha go nialas –an chúirt oibleagáid ar an údarás maoirseachta beart sonrach a thógáil laistigh de bhrí Airteagal 58 de RGCS.

2. An bhfuil stóráil sonraí ag gníomhaireacht faisnéise phríobháideach um chreidmheas, áit a stóráiltear sonraí pearsanta ó chlár poiblí, mar shampla bunachair sonraí náisiúnta, de réir bhrí Airteagal 79(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2015/848 ([2]), a stóráiltear gan cúis shonrach chun faisnéis a thabhairt i gcás go ndéanfar iarratas, ar comhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh?

3. a) An bhfuil bunachair sonraí phríobháideacha (go háirithe bunachair sonraí gníomhaireachta faisnéise um chreidmheas) atá ann i gcomhthráth leis na bunachair sonraí Stáit, agus a bunaíodh ina dteannta, agus ina bhfuil sonraí ón ceann deireanach (*in casu*, fógraí dócmhainneachta), a stóráiltear níos faide ná an tréimhse luaiteá luaitear laistigh den chreat cúng de Rialachán (AE) 2015/848, arna léamh i gcomhar leis an dlí náisiúnta, ceadaithe i bprionsabal?

   b) Más freagra dearfach a thabharfar ar cheist 3(a), an leanann sé ón "gceart go ndéanfaí ligean i ndearmad" faoi Airteagal 17(1)(d) de RGCS gur cheart na sonraí sin a scriosadh i gcás go mbeidh an tréimhse phróiseála dá bhforáiltear i leith an phobail imithe in éag?

4. A mhéid a théann mír (f) d'Airteagal 6(1) de RGCS san áireamh mar bhunús dlí aonair le haghaidh storáil sonraí ag gníomhaireacht faisnéise phríobháideach um chreidmheas maidir leis na sonraí a stóráiltear i gcláir phoiblí, ar chóir a mheas go bhfuil leas dlisteanach ag gníomhaireacht faisnéise um chreidmheas sa chás ina iompórtálann sí sonraí gclár poiblí gan cúis shonrach ionas go mbeidh na sonraí sin ar fail i gcás go ndéanfar iarratas?

5. An bhfuil sé ceadaithe cóid iompair arna bhfaomhadh ag na húdaráis mhaoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 40 de RGCS, agus arna bhforáil do theorainneacha ama le haghaidh athbhreithniú agus léirscriosadh lena sáraítear na tréimhsí coinneála do chláir phoiblí, chun an comhchuibhiú leasanna arna fhorordú faoi mhír (f) d'Airteagal 6(1) de RGCS a fhionraí?

(1) Rialachán (AE) 2016/679 de Pharlaimint na hEorpa agus an Comhairle an 27 Aibreáin 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/EC (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí); IO 2016 L 119, lch. 1).

(2) Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO 2015 L 141, lch. 19)

Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per la Lombardia (an Iodáil), an 26 Eanáir 2022 – VZ v CA

(Cás C-53/22)

(2022/C 148/21)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale Amministrativo Regionale per la Lombardia

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: VZ

Cosantóir: CA

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1) An gcuirtear cosc le hAirteagal 1(3) de Threoir 89/665 (1), maidir le hiomaitheoir atá eisiata go cinntitheach ó nós imeachta roghnúcháin conraitheora, ar an bhféidearthacht go séanfaí don iomaitheoir go ndéanfaí athbhreithniú ar an diúltú an dámhachtain a neamhniú, i gcás go mbeartaítear a thaispeáint go bhfuil an tairgeoir a n-éireoidh leis agus gach iomaitheoir eile ar an ngearrliosta ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach, arb ionann sin agus comhaontuithe frithiomaíocha a thabhairt i gcrích, arna gcinneadh ag cúirt tar éis an t-iomaitheoir a eisiamh amháin, d'fhonn an deis a bheith aige bheith rannpháirteach in athsheoladh den nós imeachta?

2) An gcuirtear cosc le hAirteagal 1(3) de Threoir 89/665 agus prionsabail [dhlí an Aontais Eorpaigh] maidir le hiomaíocht a chosaint ar chúirt riaracháin athbhreithniú le grinnscrúdú, arna iarraidh ag iomaitheoir atá eisiata go cinntitheach ó nós imeachta roghnúcháin conraitheora, ar dhiúltú an údaráis chonarthaigh d'athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta a ghlac sé féin, maidir le hiomaitheoirí a ligean isteach agus conarthaí a dhámhachtain ar an gcéanna a thugann comhaontaithe frithiomaíocha i gcrích, arna gcinneadh ag cúirt, san earnáil chéanna leis an nós imeachta tairisceana?

(1) Treoir 89/665/CEE an 21 Nollaig 1989 ón gComhairle maidir le comhordú a dhéanamh ar dhlíthe, ar rialacháin agus ar fhorálacha riaracháin a bhaineann le cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe ar dhámhachtain conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí (IO L 395, lch. 33).

Iarraidh ar réamhrialú ón tribunal de première instance de Liège (an Bheilg) a taisceadh an 28 Eanáir 2022 – PL v État belge

(Cás C-56/22)

(2022/C 148/22)

Teanga an cháis: an Fhraincis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal de première instance de Liège

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: PL

Cosantóir: État belge

An cheist a tharchuirtear:

An bhfuil feidhm ag dlí an Aontais, go bunúsach forálacha na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus forálacha Threoir 2008/115/CE ([1]), maidir le cleachtas Ballstáit lena gceadaítear dó náisiúnach eachtrannach atá ag fanacht ann go neamhdhleathach a thabhairt chun rialtachta? Más amhlaidh atá, an gcaithfear Airteagail 5, 6, agus 13 de Threoir 2008/115/CE, arna léamh i gcomhréir lena [haithrisí 6 agus 24], chomh maith le hAirteagail 1, 7, 14, 20, 21, 24 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn siad, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát cead cónaithe uathrialach nó aon údarú eile lena dtairgtear ceart fanachta do náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a chríoch a dheonú ar chúiseanna atruacha, daonnúla nó eile, go bhféadfaidh an Ballstát, ar thaobh amháin, a cheangal ar an náisiúnach sin a chruthú roimh ré nach féidir a iarratas a chur isteach ina thír thionscnaimh, agus, ar an taobh eile, gan na coinníollacha agus na critéir, *a fortiori* cinn oibiachtúla, a leagan amach ina reachtaíocht, trína bhféadfar na cúiseanna atruacha, daonnúla nó eile a léiriú (bíodh sin i dtéarmaí inghlacthachta, trí léiriú d'imthosca eisceachtúla a éileamh gan iad a shainiú nó i dtéarmaí substainteacha trí gan foráil d'aon chritéar oibiachtúil chun gur féidir na cúiseanna a shainiú, go háirithe cúiseanna daonnúla, trína bhféadfar bonn cirt a thabhairt don chead fanachta) a fhágann go bhfuil an freagra ar iarratas den sórt sin dothuartha, nó treallach fiú? I gcás gur féidir gan na critéir sin a leagan síos sa dlí, i gcás diúltú, nach mbaintear an bonn den cheart chun leigheas éifeachtach a fháil toisc go bhfuil an t-aon leigheas atá ann docht dlíthiúil agus go n-eisiatar aon bhreithniú maidir le hoiriúnacht?

([1]) Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Wiesbaden (an Ghearmáin) a taisceadh an 2 Feabhra 2022 – AB v Land Hessen

(Cás C-64/22)

(2022/C 148/23)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Verwaltungsgericht Wiesbaden

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: AB

Cosantóir: Land Hessen

Páirtí uamtha: SCHUFA Holding AG

Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An ceart an tuiscint a bhaint as Airteagal 77(1), i gcomhar le hAirteagal 78(1), de Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) (RGCS) go bhfuil ag an toradh ar a dtagann an t-údaráis maoirseachta, a chuireann an t-údarás sin in iúl don duine is ábhar do na sonraí,

   a) na tréithe a bhíonn ag cinneadh ar achainí, sa chaoi is go gciallódh sé sin go bhfuil an t-athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh a dhéanann údarás maoirseachta maidir le gearán faoi Airteagal 78(1) de RGCS teoranta, i bprionsabal, don cheist an bhfuil an t-údarás tar éis déileáil leis an ngearán, fiosrúchán a dhéanamh mar ba chóir maidir le hábhar an ghearáin agus toradh an fhiosrúcháin sin a chur in iúl don ghearánaí,

      nó

   b) an chóir an tuiscint a bhaint as gur cinneadh de bhua an tuillteanais arna dhéanamh ag údarás poiblí é, sa chaoi is go gciallódh sé sin gur chóir cinneadh a rinne údarás maoirseachta maidir le gearán faoi Airteagal 78(1) de RGCS a bheith ina ábhar d'athbhreithniú iomlán ag an gcúirt, sa chaoi is go bhféadfadh, i gcás ar leith, mar shampla, i gcás ina bhfuil an discréid laghdaithe go dtí nialas, an t-údarás maoirseachta a bheith faoi oibleagáid freisin ag an gcúirt chun beart sonrach a ghlacadh de réir bhrí Airteagal 58 de RGCS?

2. I dtaca le sonraí a stóráil i gcuideachta phríobháideach faisnéise creidmheasa, ina stóráiltear sonraí pearsanta a thagann ó chlár poiblí ar nós na "bunachair shonraí náisiúnta" de réir bhrí Airteagal 79(4) agus (5) de Rialachán 2015/848 ([2]) gan chúis shonrach ach chun faisnéis a chur ar fáil i gcás iarrata, an bhfuil sé sin i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh?

3. a) An gceadaítear, i bprionsabal, bunachair shonraí phríobháideacha (go háirithe bunachair shonraí de chuideachta faisnéise creidmheasa), atá taobh le agus a gcruthaítear i dteannta le bunachair shonraí den Stát agus ina stóráiltear na sonraí sna bunachair shonraí den Stát (sa chás seo, fógraí dócmhainneachta) ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse dá bhforáiltear laistigh den chreat cúng atá ag Rialachán (AE) 2015/848, agus é sin léite i gcomhar leis an dlí náisiúnta?

   b) Más freagra dearfach a gheofar ar Cheist 3 a), an gciallaíonn an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad, faoi Airteagal 17 (1)(d) de RGCS, nach mór sonraí den sórt sin a scriosadh i gcás ina bhfuil an tréimhse phróiseála dá bhforáiltear i leith an chláir phoiblí tar éis dul in éag?

4. A mhéid is go bhfuil Airteagal 6(1)(f) de RGCS i gceist, agus é an t-aon bhunús dlí atá ann maidir le sonraí a stóráil i gcuideachtaí príobháideacha faisnéise creidmheasa i leith sonraí a stóráiltear i gcláir phoiblí freisin, an measfar go bhfuil leas dlisteanach ag cuideachta faisnéise creidmheasa cheana i gcás ina dtógann an chuideachta faisnéise sin sonraí ón eolaire poiblí gan cúis shonrach sa chaoi is go mbeadh na sonraí sin ar fáil i gcas iarrata?

5. An bhféadfaí, i gcóid iompair atá formheasta ag na húdaráis mhaoirseachta faoi Airteagal 40 de RGCS, agus lena bhforáiltear do teorainneacha ama le haghaidh athbhreithniú agus scriosadh a théann thar tréimhsí coinneála na gclár poiblí, an chothromaíocht leasanna dá bhforáiltear in Airteagal 6(1)(f) de RGCS a chur ar fionraí?

([1]) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

([2]) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO 2015 L 141, lch. 19).

Caingean arna taisceadh an 8 Feabhra 2022 – an Coimisiún Eorpach v Poblacht na Bulgáire

(Cás C-85/22)

(2022/C 148/24)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

Páirtithe

Iarratasóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: Gr. Koleva, C. Hermes)

Cosantóir: Poblacht na Bulgáire

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1. a dhearbhú gur sháraigh Poblacht na Bulgáire a hoibleagáidí faoi Airteagal 4(4) agus Airteagal 6(1) de Threoir 92/43/CEE maidir le gnáthóga nádúrtha agus flora agus fauna fiáine a chaomhnú ("an Treoir um Ghnáthóga") ([1]) a mhéid

   — nár ainmnigh sí, a thapúla agus ab fhéidir – agus laistigh de shé bliana ar a dhéanaí – mar limistéir faoi chaomhnú speisialta ("LCSanna") 194 de na 229 limistéar ar an iomlán a glacadh i gCinntí 2009/93/CE, 2009/91/CE agus 2009/92/CE an 12 Nollaig 2008 agus i gCinneadh 2013/23/CE an 16 Samhain 2021 mar láithreáin tábhachta Comhphobail ("LTCanna");

   — gur theip uirthi, go córasach agus go leanúnach, i leith a hoibleagáide cuspóirí caomhantais mionsonraithe agus sonracha a leagan síos do na limistéir sin;

   — gur theip uirthi, go córasach agus go leanúnach, i leith a hoibleagáide na bearta caomhantais is gá a fhreagraíonn do riachtanais éiceolaíochta na ngnáthóg a liostaítear in Iarscríbhinn I agus na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II atá le fáil sna láithreáin sin a leagan síos, agus

   — gur theip uirthi Airteagal 6(1) a thrasuí i gceart ina dlí náisiúnta.

2. a ordú do Phoblacht na Bulgáire na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Baineann an cás seo leis an trasuíomh mícheart d'Airteagal 6(1) agus cur i bhfeidhm mícheart d'Airteagal 4(4) agus Airteagal 6(1) den Treoir um Ghnáthóga a rinne Poblacht na Bulgáire.

Ceanglaítear, inter alia, le hAirteagal 4(4) den Treoir um Ghnáthóga: A luaithe agus a ghlacfar le láithreán mar láithreán tábhachta Comhphobail de bhun an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2, ainmneoidh an Ballstát lena mbaineann an láithreán sin a luaithe agus is féidir – agus laistigh de shé bliana ar a dhéanaí – mar LTC. Ina breithiúnas i gCás C-849/18, *an Coimisiún* v *an Ghréig* (EU:C:2020:147), mhínigh an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil ar na Ballstáit cuspóirí caomhantais sonracha le haghaidh gach LCS a leagan síos chomh maith. Faoi Airteagal 6(1) den Treoir um Ghnáthóga, bunóidh na Ballstáit, laistigh den chreat a bhaineann le LCSanna, na bearta caomhantais is gá, lena n-áirítear, más gá, pleananna bainistíochta cuí a dheartar go sonrach do na láithreáin nó a dheartar a chomhtháthú i bpleananna forbartha eile agus bearta reachtúla, riaracháin nó conarthacha cuí eile a fhreagraíonn do riachtanais éiceolaíochta na ngnáthóg a liostaítear in Iarscríbhinn I agus do na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II atá le fáil sna láithreáin sin.

Dar leis an gCoimisiún, níor chomhlíon Poblacht na Bulgáire na hoibleagáidí seo a leanas atá, de réir na bhforálacha thuasluaite, uirthi: LCSanna a ainmniú in am trátha; cuspóirí caomhantais mionsonraithe agus sonracha a leagan síos do na láithreáin; na bearta caomhantais is gá a bhunú; agus Airteagal 6(1) den Treoir um Ghnáthóga a thrasuí i gceart sa dlí náisiúnta.

(1) IO 1992 L 206, lch. 7.

Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2022 – an Coimisiún Eorpach v an Rómáin

(Cás C-109/22)

(2022/C 148/25)

Teanga an cháis: an Rómáinis

Páirtithe

Iarratasóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaí: L. Nicolae, E. Sanfrutos Cano, i gcáil Gníomhairí)

Cosantóir: An Rómáin

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú gur mhainnigh an Rómáin a hoibleagáidí faoi Airteagal 260(1) CFAE a chomhlíonadh de bharr gur mhainnigh sí na bearta uile is gá a dhéanamh chun breithiúnas na Cúirte i gCás C 301/17, *an Coimisiún v an Rómáin*, (1) a chomhlíonadh;

— a ordú don Rómáin, i gcomhréir le forálacha Airteagal 260(2) CFAE, íocaíochtaí pionósacha EUR 29 781,30 a íoc as gach lá moille inar sháraigh sí a hoibleagáid i leith na bearta is gá a dhéanamh chun an breithiúnas i gCás C 301/17, *an Coimisiún v an Rómáin*, a chomhlíonadh, ó dháta fógartha an bhreithiúnais sa chás seo go dtí go nglacfar na bearta uile is gá chun an breithiúnas a chomhlíonadh i gcás C 301/17, *an Coimisiún v an Rómáin;*

— a ordú don Rómáin, i gcomhréir le forálacha Airteagal 260(2) CFAE, cnapshuim a íoc, bunaithe ar mhéid laethúil EUR 3 311,50, arna iolrú faoi líon na laethanta atá caite ón lá tar éis lá fógartha an bhreithiúnais i gcás C 301/17, *an Coimisiún v an Rómáin* go dtí an dáta a ghlacfar na bearta uile is gá chun an breithiúnas sin a chomhlíonadh, nó, i gcás nach mbeidh na bearta sin glactha, go dtí dáta fógartha bhreithiúnas na Cúirte sa chás seo, agus arb ionann íosmhéid na cnapshuime sin agus EUR 1 643 000.

— a ordú don Rómáin na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

Baineann an chaingean a thug an Coimisiún Eorpach i gcoinne na Rómáine le mainneachtain an Bhallstáit sin a oibleagáid na bearta uile is gá a dhéanamh chun breithiúnas na Cúirte i gCás C 301/17 a chomhlíonadh, toisc nach bhfuil 44 de na 68 líonadh talún dá dtagraítear sa bhreithiúnas sin dúnta fós de réir Threoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le dramhaíl a chur i líonadh talún. (2)

Maíonn an Coimisiún nach féidir leis an Rómáin brath ar staideanna inmheánacha amháin chun údar maith a thabhairt do mhainneachtain bhreithiúnas na Cúirte a chomhlíonadh, amhail an gá atá ann staidéir féidearthachta áirithe a dhéanamh, nósanna imeachta ceannaigh éigeantaigh áirithe a chur i gcrích, imeachtaí riaracháin áirithe a sheoladh, nó mainneachtain na n-oibreoirí eacnamaíocha a oibríonn na líonta talún sin na bearta is gá a dhéanamh.

Dá bhrí sin molann an Coimisiún íocaíochtaí pionósacha a chur i bhfeidhm ar an Rómáin le haghaidh gach lae moille ar chomhlíonadh bhreithiúnas na Cúirte i méid EUR 29 781,30 in aghaidh an lae ó dháta fógartha an bhreithiúnais sa chás seo go dtí go nglacfar na bearta go léir is gá chun an breithiúnas i gCás C-301/17 a chomhlíonadh. Chun a áirithiú go mbeifear in ann faireachán a dhéanamh ar an bhforbairt a bheidh déanta ag an Rómáin, agus an fhorbairt sin a fhíorú agus a chur san áireamh, molann an Coimisiún go ndéanfaí na híocaíochtaí pionósacha le haghaidh gach lae moille a ríomh ar bhonn tréimhsí moille 6 mhí agus na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas na Cúirte i gCás C 301/17 a chomhlíonadh, trí fhoirmle chéimlaghdaitheach a úsáid, trína laghdófar an t-iomlán le haghaidh na dtréimhsí sin de réir céatadán a fhreagraíonn don chomhréir arb ionann é agus líon na líonta talún arna dtabhairt chun comhréireachta le forálacha Threoir 1999/31.

Molann an Coimisiún freisin go mbeidh sé d'oibleagáid ar an Rómáin cnapshuim a íoc, bunaithe ar mhéid laethúil EUR 3 311,50, arna iolrú faoi líon na laethanta atá caite ón lá tar éis lá fógartha an bhreithiúnais i gCás C 301/17 go dtí an dáta a ghlacfaidh an Rómáin na bearta uile is gá chun an breithiúnas sin a chomhlíonadh, nó, i gcás nach ndéanfar na bearta sin, go dtí dáta fógartha bhreithiúnas na Cúirte sa chás seo, agus arb ionann íosmhéid na cnapshuime sin agus EUR 1 643 000.

Cinneadh méid na n-íocaíochtaí pionósacha sin trí thromchúis agus fad an tsáraithe a chur san áireamh, chomh maith leis an ngá atá ann go n-áiritheofar éifeacht dhíspreagthach na bpionós bunaithe ar chumas an Bhallstáit sin íoc astu, ag baint úsáid as an bhfachtóir 'n'.

([1]) Breithiúnas ón gCúirt an 18 Deireadh Fómhair 2018, *an Coimisiún v an Rómáin* (C-301/17, AE:C:2018:846).
([2]) OI 1999 L 182, lch. 1

Caingean arna taisceadh an 18 Feabhra 2022 – an Coimisiún Eorpach v Poblacht Chónaidhme na Gearmáine

(Cás C-116/22)

(2022/C 148/26)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe sna himeachtaí: C. Hermes, M. Noll-Ehlers, Gníomhairí)

Cosantóir: Poblacht Chónaidhme na Gearmáine

An t-ordú atá ag lorg ag an iarratasóir

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

1. a chinneadh gur sháraigh Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine,

   — Airteagal 4(4) de Threoir 92/43/CEE ([1]), sa mhéid nár ainmnigh sí 88 de 4 606 limistéar, dá bhfuil an tréimhse ama de sé bliana faoin bhforáil sin imithe in éag, mar limistéir faoi chaomhnú speisialta;

   — Airteagal 4(4) de Threoir 92/43, sa mhéid nár leag sí síos cuspóirí caomhantais do 88 de na 4 606 limistéar i dtrácht agus, thairis sin, gur lean sí cleachtas, go ginearálta agus go struchtúrach, agus í ag leagan síos cuspóirí caomhantais, nach bhfuil de réir cheanglais dlí na forála sin;

   — Airteagal 6(1) de Threoir 92/43, sa mhéid nár leag sí síos aon bheart caomhantais do 737 de na 4 606 limistéar i dtrácht agus, thairis sin, gur lean sí cleachtas, go ginearálta agus go struchtúrach, agus í ag leagan síos bearta caomhantais, nach bhfuil de réir cheanglais dlí na forála sin;

2. a ordú do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine costas na n-imeachtaí a íoc.

Saincheisteanna dlí agus bun-argóintí

Leis an iarratas seo, maíonn an Coimisiún Eorpach gur theip ar Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine na bearta is gá faoi Threoir 92/43/CEE a ghlacadh maidir lena líonra Natura 2000 a ainmniú agus a bhainistiú.

Ar an gcéad dul síos, sháraigh an Ghearmáin an oibleagáid atá uirthi de réir Airteagal 4(4) den Treoir, sa mhéid nár ainmnigh sí 88 de 4 606 limistéar, dá bhfuil an tréimhse ama de sé bliana faoin bhforáil sin imithe in éag, mar limistéir faoi chaomhnú speisialta ag an am cuí a bhaineann leis an mainneachtain sin.

Ar an dara dul síos, rinne an Ghearmáin neamhaird ar a hoibleagáid faoi Airteagal 4(4) den Treoir maidir le cuspóirí caomhantais a shainiú go sách sonrach, a mhéid nár leag sí síos aon chuspóir caomhantais le haghaidh 88 de na 4 606 láithreán i dtrácht agus, thairis sin, gur lean sí cleachtas, go ginearálta agus go struchtúrach, maidir le cuspóirí caomhantais a leagan síos nach gcomhlíonann na ceanglais dlí den fhoráil sin. De réir Airteagal 4(4) den Treoir, ní mór do chuspóirí caomhantais a bheith cainníochtaithe agus intomhaiste, ní mór dóibh idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na cuspóirí i dtaobh "aisiriú" agus "caomhnú" na n-ábhar faoi chosaint sa limistéar i dtrácht, agus ní mór dóibh a bheith leagtha síos i ngnímh dlí atá ceangailteach go ginearálta. Ní chomhlíontar na ceanglais sin leis an gcleachtas sa Ghearmáin maidir le cuspóirí caomhantais.

Ar an tríú dul síos, níl an Ghearmáin ag comhlíonadh a hoibleagáid faoi Airteagal 6(1) den Treoir maidir leis na bearta caomhantais riachtanacha a leagan síos. Níl aon bheart caomhantais leagtha síos ag an nGearmáin le haghaidh 737 de na 4 606 limistéar i dtrácht agus, thairis sin, tá sí, go ginearálta agus go struchtúrach, agus í ag leagan síos bearta caomhantais, ag sárú na ceanglais atá ann faoi Airteagal 6(1) den Treoir lena bhforáiltear nach mór do bhearta caomhantais a bheith bunaithe ar chuspóirí caomhantais atá sách sonrach.

([1]) Treoir ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le Gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO 1992 L 206, lch. 7).

CHÚIRT GHINEARÁLTA

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – GEA Group v An Coimisiúin

(Cás T-195/19) ([1])

(2022/C 148/27)

Teanga an cháis: an Béarla

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

([1]) IO C 206 an 17.6.2019.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Heitec v EUIPO – Hetec Datensysteme (HEITEC)

(Cás T-520/19)

(2022/C 148/28)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Companhia de Seguros Índico v an Coimisiún

(Cás T-672/19)

(2022/C 148/29)

Teanga an cháis: an Ungáiris

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 9 Feabhra 2022 – Sped-Pro v an Coimisiún

(Cás T-791/19)

(2022/C 148/30)

Teanga an cháis: an Pholainnis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 23 Feabhra 2022 OJ v An Coimisiún

(Cás T-709/20)

(2022/C 148/31)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 11 Feabhra 2022 – OP v an Coimisiún

(Cás T-736/20)

(2022/C 148/32)

Teanga an cháis: an Béarla

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 4 Feabhra 2022 –ultra air v EUIPO – Donaldson Filtration Deutschland (ultrafilter international)

(Cás T-67/21) [1]

(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Caingne neamhbhailíochta agus cúlghairme – Focalmharc an Aontais Eorpaigh ultrafilter international – Iarraidh ar thiontú go hiarratas ar thrádmharc náisiúnta – Caingean cúlghairme nach bhfuil cuspóir leis a thuilleadh – Caingean atá go follasach gan bhunús sa dlí)

(2022/C 148/33)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: ultra air GmbH (Hilden, an Ghearmáin) (ionadaí: C. König, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: E. Markakis, i gcáil Gníomhaire)

Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, atá ag déanamh idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta: Donaldson Filtration Deutschland GmbH (Haan, an Ghearmáin) (ionadaí: N. Siebertz, Dlíodóir)

Maidir Le

Caingean i gcoinne chinneadh an Dara Bhord Achomhairc de EUIPO den 5 Samhain 2020 (Cás R 271/2020-2), maidir le caingean cúlghairme idir ultra air agus Donaldson Filtration Deutschland.

An chuid oibríochtúil

1) Déantar an chaingean a dhíbhe .

2) Íocfaidh ultra air GmbH na costais.

---

[1] IO C 88 an 15.3.2021.

Órdú na Cúirte Ginearálta an 11 Feabhra 2022 – Calrose Rice v EUIPO – Ricegrowers (Sunwhite)

(Cás T-459/21)

(2022/C 148/34)

Teanga an cháis: an Béarla

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Feabhra 2022 – Faller e.a. v an Coimisiún

(Cás T-464/21)

(2022/C 148/35)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 7 Feabhra 2022 – Eurecna v an Coimisiún

(Cás T-739/21 R)

(Bearta idirlinne – Conarthaí soláthair phoiblí – Iarratas ar bhearta idirlinne – Easpa práinne)

(2022/C 148/36)

Teanga an cháis: an Iodáilis

Páirtithe

Iarratasóir: Eurecna SpA (an Veinéis, an Iodáil) (ionadaí: R. Sciaudone, Dlíodóir)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Estrada de Solà agus S. Romoli, i gcáil Gníomhairí)

Maidir le:

Iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE lena lorgaítear, ar lámh amháin, bac ar fhorghníomhú chinntí an Choimisiúin an 10, 16 agus 30 Meán Fómhair 2021 lena bhforáiltear cúiteamh creidmheasa don iarratasóir agus, ar an lámh eile, ordú go n-íocfaidh an Coimisiún an suim ábhartha don iarratasóir.

An chuid oibríochtúil

1. Díbhtear an t-iarratas ar bhearta idirlinne.

2. Forchoimeádtar na costais.

Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 11 Feabhra 2022 – Collard v an Pharlaimint agus ID

(Cás T-53/22 R)

(Bearta eatramhacha – Dlí institiúideach – Feisire Parlaiminte – Feisire a chur ar fionraí agus a eisiamh óna ghrúpa polaitiúil – Iarratas ar bhac ar fhorghníomhú – Sárú ar cheanglais fhoirmiúla – Do-ghlacthacht)

(2022/C 148/37)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Gilbert Collard (Vauvert, an Fhrainc) (ionadaí: B. Kuchukian, dlíodóir)

Cosantóirí: Parlaimint na hEorpa, an Grúpa polaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID)

Maidir le:

Iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE lena n-iarrtar bac a chur ar fhorghníomhú chinneadh bhiúró an ghrúpa pholaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID) i bParlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2022 lenar cuireadh an t-iarratasóir ar fionraí ón ngrúpa sin agus chinneadh fheisirí ghrúpa pholaitiúil ID an 25 Eanáir 2022 lenar eisíodh é ón ngrúpa sin.

An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.

Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 11 Feabhra 2022 – Rivière v an Pharlaimint agus ID

(Cás T-54/22 R)

(Bearta eatramhacha – Dlí institiúideach – Feisire Parlaiminte – Feisire a chur ar fionraí agus a eisiamh óna ghrúpa polaitiúil – Iarratas ar bhac ar fhorghníomhú – Sárú ar cheanglais fhoirmiúla – Do-ghlacthacht)

(2022/C 148/38)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Jérôme Rivière (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: B. Kuchukian, dlíodóir)

Cosantóirí: Parlaimint na hEorpa, an Grúpa polaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID)

Maidir le:

Iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE lena n-iarrtar bac a chur ar fhorghníomhú chinneadh bhiúró an ghrúpa pholaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathais" (ID) i bParlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2022 lenar cuireadh an t-iarratasóir ar fionraí ón ngrúpa sin agus chinneadh fheisirí ghrúpa pholaitiúil ID an 25 Eanáir 2022 lenar eisíodh é ón ngrúpa sin.

An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.

Caingean arna tabhairt an 4 Samhain 2021 – ID e.a v an Pharlaimint

(Cás T-711/21)

(2022/C 148/39)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Caingean arna tabhairt an 11 Samhain 2021 – IL e.a v an Pharlaimint

(Cás T-724/21)

(2022/C 148/40)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

Caingean arna tabhairt an 21 Eanáir 2022 – Fundacja Instytut na rzecz Kultury Prawnej Ordo Iuris v an Pharlaimint

(Cás T-41/22)

(2022/C 148/41)

Teanga an cháis: an Pholainnis

Páirtithe

Iarratasóir: Fundacja Instytut na rzecz Kultury Prawnej Ordo Iuris (Várs̀a, an Pholainn) (ionadaithe: K. Koźmiński agus T. Siemiński, Dlíodóirí)

Cosantóir: Parlaimint na hEorpa

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Samhain 2021 a chur ar neamhní ina iomláine ar chomóradh bliana an toirmisc *de facto* ar ghinmhilleadh sa Pholainn [2021/2925(RSP)];

— Mar mhalairt rogha, má dhéanann an Chúirt an t-iarratas neamhnithe a dhíbhe ina iomláine, an cinneadh i bpáirt a chur ar neamhní, eadhon an pháirt a fhreagraíonn don litir "Y" a léitear mar seo a leanas: "de bhrí go raibh eagraíocht bhunúsaí, Ordo Iuris, a bhfuil dlúthbhaint aici leis an gcomhghuaillíocht rialaithe, ina ceann feadhna taobh thiar de na feachtais lena mbaintear an bonn de chearta an duine agus den chomhionannas inscne sa Pholainn, lena n-áirítear na hiarrachtaí chun ginmhilleadh a chosc, na hiarrataí go dtarraingeodh an Pholainn siar ó Choinbhinsiún Iostanbúl agus na hiarrataí go gcruthófaí saorlimistéir-LADTI mar a thugtar orthu; de bhrí, dá bhrí sin, go bhfuil mí-úsáid á baint as luachanna cultúrtha agus reiligiúnacha sa Pholainn mar chúiseanna chun bac a chur ar fhíorú iomlán chearta na mban, ar chomhionannas do mhná agus ar a gceart cinntí a dhéanamh maidir lena gcoirp féin";

— A ordú do Pharlaimint na hEorpa na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear nach bhfuil dlínse ag Parlaimint na hEorpa an rún faoi chonspóid a ghlacadh, ar an bhforas nach dtagann ábhar an rúin faoi dhlínse an Aontais Eorpaigh a thugann na Ballstát don Aontas leis na Conarthaí nó gur baineadh mí-úsáid as a cumhacht trí fhoirm dhlíthiúil an rúin a úsáid mar ionstraim ar mhaithe le dul timpeall ar an gceanglas gur gá na Conarthaí a leasú chun dlínse nach dtugtar don Aontas Eorpach leis na Conarthaí a thabhairt don Aontas Eorpach.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar na Conarthaí nó na rialacha dlí a bhaineann lena gcur chun feidhme, eadhon, sárú ar Airteagail 2(4), 6(3) agus 10 CAE a mhéid, maidir leis an rún sin:

   — a sháraítear cearta agus maoin phearsanta an iarratasóra;

   — a bhunaítear é ar fhaisnéis neamhdheimhnithe bhréagach faoin staid fhíorasach agus dhlíthiúil sa Pholainn;

   — a chuimsítear anailísiú agus léirmhíniú neamhiontaofa ar dhlí poiblí idirnáisiúnta ó thaobh an ghinmhillte de;

   — a ghabhann leis an toirmeasc ar fhoirceannadh toirchis agus ar chosaint bheatha an duine sa chéim réamhbhreithe neamhréiteach líomhainte leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE gan údar, agus neamhaird á tabhairt ar an bhfíoras i leith ginmhilleadh a bheith ceadaithe gan bheith mar chuid de thraidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, lena ndéanfaí:

   — mar thoradh, idirdhealú sochaíoch, polaitiúil agus dlíthiúil san Aontas Eorpach ar lucht tacaíochta an toirmisc ar fhoirceannadh toirchis agus cosaint bheatha an duine sa chéim réamhbhreithe;

   — sárú ar phrionsabal i leith urraim a thabhairt d'fhéiniúlacht náisiúnta agus bhunreachtúil na mBallstát.

Caingean arna tabhairt an 31 Eanáir 2022 – Conserve Italia agus Conserves France v an Coimisiún

(Cás T-59/22)

(2022/C 148/42)

Teanga an cháis: an Iodáilis

Páirtithe

Iarratasóirí: Conserve Italia – Consorzio Italiano fra cooperative agricole Soc. coop. agr. (San Lazzaro di Savena, an Iodáil), Conserves France (Tarascon, an Fhrainc) (ionadaithe: L. Di Via, M. Petite, L. Tresoldi agus E. Belli, dlíodóirí)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an chaingean inghlactha;

— Cinneadh C (2021) 8259 ón gCoimisiún Eorpach an 19 Samhain 2021 (Cás AT.40127 – Glasraí stánaithe) a bhaineann le himeachtaí faoi Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE maidir le ríomh na fíneála a chur ar neamhní;

— méid na fíneála a laghdú agus aon bheart eile is iomchuí dar leis an gCúirt; agus

— a ordú don Choimisiún Eorpach costais Conserve Italia agus Conserves France a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 101(1), CFAE, Airteagal 23(3)(3) de Rialachán 1/2003 ([1]) agus mír 33 de na Treoirlínte chun na fíneálacha a fhorchuirtear de bhun Airteagal 23(2)(a) de Rialachán 1/2003 a ríomh, mar gheall ar earráid fíorais agus dlí in aicmiú Conserve Italia mar ghnóthas seachas mar chomhlachas gnóthas agus locht maidir le huasmhéid an phionóis a chinneadh.

   — Maíonn na hiarratasóirí ina leith sin go ndearnadh Conserve Italia a aicmiú go mícheart mar "ghnóthas" seachas mar "chomhlachas gnóthas", chun críocha Airteagal 101(1) CFAE agus Airteagal 53 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a chur i bhfeidhm. Mar gheall ar an mainneachtain a aithint sa chinneadh go bhfuil feidhm ag an gcoincheap "comhlachas gnóthas" – de réir an tsainmhínithe chuí agus uathrialaithigh arna fhorbairt le dlí in aghaidh trustaí an Aontais – maidir le Conserve Italia, tharla earráid thromchúiseach i ríomh uasmhéid an phionóis.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 101(1) CFAE, ar Airteagal 23 de Rialachán 1/2003 agus ar mhíreanna 14, 19, 20, 22, 24 agus 25 de na Treoirlínte, mar gheall ar earráid i ríomh an bhunmhéid.

   — Maíonn na hiarratasóirí ina leith sin, ar an gcéad dul síos, agus luach na ndíolachán a bhí le cur san áireamh chun bunmhéid an phionóis a forchuireadh orthu a ríomh á chinneadh, go ndearna an Coimisiún earráid agus luach na ndíolachán a rinneadh in LEE ina iomláine á chur san áireamh aige. Ar an dara dul síos, measann na hiarratasóirí nach bhfuil údar maith le sannadh an Choimisiún ar chion 18 % de luach na ndíolachán chun bunmhéid an phionóis a chinneadh. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún Eorpach i leith Conserve Italia tréimhse rannpháirteach a fhreagraíonn d'fhad an tsáraithe, gan cur san áireamh go raibh a rannpháirtíocht i ngach comhaontú i bhfad níos teoranta agus nach raibh sé ar aon bhealach leanúnach, de bharr gur cuireadh isteach go minic ar fhorghníomhú na gcomhaontuithe.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

Caingean arna taisceadh an 28 Eanáir 2022 – an Eastóin v an Coimisiún

(Cás T-62/22)

(2022/C 148/43)

Teanga an cháis: an Eastóinis

Páirtithe

Iarratasóir: Poblacht na hEastóine (ionadaí: M. Kriisa)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— cinneadh cur chun feidhme an Choimisiúin Eorpaigh an 17 Samhain 2021, a mhéid go mbaineann sé le Poblacht na hEastóine maidir le suim EUR 634 057,30, a neamhniú;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Bunaítear an chaingean ar na trí shaincheist dlí a leanas:

1. An chéad saincheist dlí – Rinne an Coimisiún Eorpach Airteagal 21 de Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 809/2014 ([1]) i dteannta le hAirteagal 30 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 640/2014 ([2]) a léirmhíniú agus a chur chun feidhme go hearráideach agus de réir sin tháinig sé ar an gconclúid mhícheart nach bhfuil an córas san Eastóin maidir le hiarratais ar chabhair a thíolacadh i gcomhréir leis na forálacha sin.

2. An dara saincheist dlí – Rinne an Coimisiún Eorpach Airteagal 30(2) de Rialachán Uimh. 640/2014 a léirmhíniú go treallach agus, dá bhrí sin, a chur i bhfeidhm go mícheart.

3. An tríú saincheist dlí – Sháraigh an Coimisiún Eorpach an oibleagáid maidir le cúiseanna a lua agus an prionsabal maidir le dea-riarachán toisc nach raibh sé in ann cúiseanna sách soiléir a thabhairt maidir le cén fáth nach gcomhlíontar dlí an Aontais leis an ionadú ar ainmhithe a cheadaítear san Eastóin.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 809/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe, bearta forbartha tuaithe agus treaschomhlíontacht (IO 2014 L 227, lch. 69).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh 640/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comhtháite riaracháin agus rialaithe agus na coinníollacha maidir le híocaíochtaí agus pionóis riaracháin a bhaineann le híocaíochtaí díreacha, bearta forbartha tuaithe agus treaschomhlíontacht a údarú nó a tharraingt siar (IO 2014 L 181, lch. 48).

Caingean arna tabhairt an 1 Feabhra 2022 – Brooks England v EUIPO – Brooks Sports (BROOKS ENGLAND)

(Cás T-63/22)

(2022/C 148/44)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Brooks England Ltd (Smethwick, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: S. Feltrinelli, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Brooks Sports, Inc. (Seattle, Washington, na Stáit Aontaithe)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "BROOKS ENGLAND" – Iarratas ar chlárú Uimh. 3 298 321

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 22 Samhain 2021 i gCás R 2432/2020-4

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— glacadh leis an gcaingean a thionscain an t-iarratasóir;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú go hiomlán agus a dhearbhú, dá bhrí sin, gur cheart an comhartha a chonspóidtear a chlárú le haghaidh na n-earraí go léir a chonspóidtear;

— mar iarraidh thánaisteach, an cinneadh faoi chonspóid lena ndearbhaítear gur cheart an comhartha a chonspóidtear a chlárú, ar a laghad le haghaidh na n-earraí a chonspóidtear in aicme 18, a neamhniú go páirteach;

— a ordú do EUIPO na costais dlí a bhí ar an iarratasóir maidir leis na himeachtaí roimhe seo agus na himeachtaí reatha a aisíoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mheasúnú earráideach a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbeidh mearbhall ann idir an comhartha a chonspóidtear agus an trádmharc níos luaithe;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mheasúnú earráideach a dhéanamh ar an bhfianaise maidir le húsáid an trádmhairc níos luaithe;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mheasúnú earráideach a dhéanamh ar chomparáid na n-earraí;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mheasúnú earráideach a dhéanamh ar an gcomparáid idir na comharthaí agus an dóchúlacht comhcheangail.

Caingean arna tabhairt an 4 Feabhra 2022 – Eurecna v an Coimisiún

(Cás T-69/22)

(2022/C 148/45)

Teanga an cháis: an Iodáilis

Páirtithe

Iarratasóir: Eurecna SpA, (Venezia, an Iodáil) (ionadaí: R. Sciaudone, dlíodóir)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid maidir le frithláireamh éileamh atá sa litir ón gCoimisiún an 25 Samhain 2021 ina ndeachaigh an Coimisiún ar aghaidh chun suim EUR 22,139.05 a ghnóthú de shuim EUR 417,234.68 a deonaíodh faoi thionscadal arna chistiú ag an Aontas Eorpach agus ar tógadh cinneadh gnóthaithe ina leith tar éis neamhrialtachtaí a líomhnaítear a rinneadh le linn tuairisciú airgeadais a chur ar neamhní; agus

— a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí seo a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an tIarratasóir saincheist amháin dlí, roinnte ina ceithre chuid.

1. An t-aon saincheist dlí amháin, lena n-éilítear nach ann don mhéid a socraíodh mar mhéid is infhaighte.

— I ndáil leis sin, líomhnaíonn an t-iarratasóir go sáraítear prionsabal an dea-riaracháin agus na dícheallachta sa ghníomhaíocht riaracháin maidir leis an deimhniú caiteachais a rinne Ernst & Young (EY); go sáraítear cearta cosanta mar gheall ar an deimhniú caiteachais a rinne EY; go sáraítear prionsabal an dea-riaracháin i ngeall ar mhainneachtain dhualgas na neamhchlaontachta sa ghníomhaíocht riaracháin a chomhlíonadh; agus go raibh míthuiscint ar an gconradh i dtuarascáil EY.

Caingean arna tabhairt an 8 Feabhra 2022 – Walsall Conduits v EUIPO – Liberty Engineering (Willenhall) (WALSALL CONDUITS)

(Cás T-73/22)

(2022/C 148/46)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Walsall Conduits Ltd (Learpholl, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: C. Bey, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Liberty Engineering (Willenhall) Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: An páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc faoi cheist: Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh WALSALL CONDUITS – Iarratas ar chlárú Uimh. 16 369 944

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 22 Samhain 2021 i gCás R 575/2021 – 1

An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a sheasamh leis an gcaingean;

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a chinneadh go bhfuil bunús maith leis an bhfreasúra agus an t-iarratas ar thrádmharc a dhiúltú ina iomláine; mar mhalairt rogha, an cás a tharchur ar ais chuig Rannán Freasúra EUIPO;

— a ordú do EUIPO agus Shifter (Willenhall) Limited costais na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear na costais arna dtabhú ag an iarratasóir sna himeachtaí os comhair an Chéad Bhoird Achomhairc de EUIPO.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 8(1) de Rialachán (EC) 207/2009 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 11(1), (2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 9(3) de Rialachán (EC) 207/2009 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagail 41(1) agus 47(1), (2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (EC) 207/2009 ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 11 Feabhra 2022 – Prigozhin v an Chomhairle

(Cás T-75/22)

(2022/C 148/47)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Yevgeniy Viktorovich Prigozhin (Cathair Pheadair, an Rúis) (ionadaí: M. Cessieux, dlíodóir)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil caingean Yevgeniy Viktorovich Prigozhin inghlactha agus

chomh fada agus a bhaineann leis an iarratasóir,

— Cinneadh (CBES) 2021/2197 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021, lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine a neamhniú;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2195 ón gComhairle an 13 Nollaig 2021 [maidir le cur chun feidhme] Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine a neamhniú;

sa mhéid is go n-ainmníonn an dá chinneadh seo é mar airgeadaí ghrúpa Wagner;

— a rialú agus a dhearbhú, ar aon nós, nach mór ainm Yevgeniy Viktorovich Prigozhin a bhaint gan mhoill de na gníomhartha a chonspóidtear;

— a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc de bhun Airteagail 87 agus 91 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena maítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua: Áitíonn an t-iarratasóir gur mhainnigh an Chomhairle an oibleagáid cúiseanna a lua maidir leis na gníomhartha a chonspóidtear a chomhlíonadh ós rud é nár luaigh sí aon eilimint shonrach lena dtugtar údar maith le hainm an iarratasóra a lua i gcorp na gcinntí a chonspóidtear.

2. An dara saincheist dlí lena maítear go bhfuil mí-úsáid cumhachtaí ann. Áitíonn an t-iarratasóir, maidir leis sin, nárbh fhéidir leis an gComhairle, in éagmais eilimintí lena dtugtar údar maith lena chur síos mar "airgeadaí ghrúpa Wagner", ach é a ainmniú go hindíreach sna cúiseanna le grúpa Wagner a liostú agus, dá bhrí sin, an cuspóir arna shaothrú ag an mbeart i dtosach báire a shaobhadh.

3. An tríú saincheist dlí lena maítear go bhfuil earráid fhollasach measúnaithe ann. Áitíonn an t-iarratasóir nach é airgeadaí Wagner Group é agus nach bhfuil aon nasc idir é féin agus an t-eintiteas sin.

4. An ceathrú saincheist dlí lena maítear sárú ar chearta bunúsacha. Maíonn an t-iarratasóir gur sháraigh an Chomhairle Airteagail 10, 6 agus 13 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine trína ainm a chur i gcorp an ráitis ar na cúiseanna le Wagner Group a liostú.

Caingean arna tabhairt an 9 Feabhra 2022 – Schwa-Medico v EUIPO – Med-El Elektromedizinische Geräte (STIWELL)

(Cás T-76/22)

(2022/C 148/48)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Schwa-Medico, Medizinische Apparate, Vertriebsgesellschaft mbH (Ehringshausen, an Ghearmáin) (ionadaithe: E. Fortunet agus P. Marchiset, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Med-El Elektromedizinische Geräte GesmbH (Innsbruck, an Ostair)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádmhairc faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "STIWELL" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 4 072 542

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí cealúcháin

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 24 Samhain 2021 i gCás R 1383/2020-1

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a neamhniú, sa mhéid is go ndiúltaítear leis géilleadh don iarratas chun cúlghairm a dhéanamh ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh STIWELL Uimh 4 072 542 do na hearraí "gléasanna a dhéanann spreagadh néaramhatánach" in aicme 10, agus sa mhéid sin go ndiúltaítear leis túsphointe an dáta cúlghairme a shocrú. i gcás na n-earraí go léir ar an dáta a thagann cúig bliana ó foilsíodh clárú an trádmhairc sin in *Feasacháin Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh* (an 21 Feabhra 2011);

— a ordú do EUIPO agus don chomhlacht Med-El na costais arna dtabhú sa chaingean seo a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cúiseanna neamhleora lena chinneadh sa mhéid is go ndearna an Bord Achomhairc anailís mhícheart ar an gcoincheap maidir le fíorúsáid an chomhartha mar nach ndearnadh measúnú foriomlán ag cur na dtosca uile san áireamh agus bunaithe ar na fíricí ar fad;

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cúiseanna neamhleora lena chinneadh sa mhéid is go ndearna an Bord Achomhairc anailís mhícheart ar an gcoincheap maidir le fíorúsáid an chomhartha trí mheasúnú a dhéanamh ar shainiúlacht na dtáirgí i bhfianaise ghníomhaíocht shealbhóir an trádmhairc, seachas i bhfianaise fhoclaíocht na dtáirgí;

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cúiseanna neamhleora lena chinneadh sa mhéid is go ndearna an Bord Achomhairc anailís mhícheart ar an gcoincheap maidir le fíorúsáid an chomhartha trí chúiseanna contrártha a ghlacadh maidir le sainiúlacht líomhainte na dtáirgí sin;

— Earráid a rinne an Bord Achomhairc agus dáta theacht i bhfeidhm na cúlghairme á chinneadh, ar an bhfíric gur glacadh le riachtanas cúise dlisteanaí agus go ndearnadh léirmhíniú mícheart ar an gcúis dhlisteanach sin.

Caingean arna tabhairt an 11 Feabhra 2022 – Euranimi v Commission

(Cás T-81/22)

(2022/C 148/49)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: European Association of Non-Integrated Metal Importers & distributors (Euranimi) (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaí: M. Campa, D. Rovetta, P. Gjørtler agus V. Villante, Dlíodóirí)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2012 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí de tháirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise, ([1]) arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 18 Samhain 2021, maidir le bearta arna ghlacadh i gcomhthéacs an imeachta frith-dhumpála AD670 a neamhniú;

— a ordú don gCoimisiún Eorpach costais an iarratasóra a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([2]) i ndáil maidir le measúnú carnach ar éifeachtaí allmhairí ó na tíortha lena mbaineann – sárú ar cheart cosanta an iarratasóra – earráid fhollasach measúnaithe.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2016/1036, i ndáil leis an measúnú díobhála agus cúisíochta do tháirgí de bhunú na hIndia agus na hIndinéise araon – earráid fhollasach measúnaithe.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear measúnú mícheart ar leas an Aontais a thugann údar maith le dleachtanna frithdhumpála a fhorchur.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2012 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí de tháirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéise (IO 2021 L 410, lch. 153).

([2]) Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint Na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO 2016 L 176, lch. 21).

Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2022 – Bambu Sales v EUIPO (BAMBU)

(Cás T-82/22)

(2022/C 148/50)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Bambu Sales, Inc. (Secaucus, New Jersey, na Stáit Aontaithe) (ionadaí: T. Stein, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh BAMBU – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 105 815

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 16 Nollaig i gcás R 1702/2020-1

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ina iomláine;

— a ordú do EUIPO na costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 14 Feabhra 2022 – Selimfiber v EUIPO – Qureshi (SPETRA)

(Cás T-83/22)

(2022/C 148/51)

Teanga inar taisceadh an t iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Selimfiber Co. Ltd (Gimpo-si, an Chóiré) (ionadaithe: J. Klaus agus M. Odink, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Mohammad Sohail Qureshi (Bradford, Ríocht Aontaithe)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh SPETRA – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 271 624

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 22 Samhain 2021 i gcás R 684/2021 – 1

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO costais an iarratais, na costais a bhaineann leis an iarratas seo agus na costais a thagann de a íoc; mar mhalairt rogha, má idirghabhann an páirtí eile os comhair EUIPO, an páirtí sin agus an cosantóir a chur faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith na gcostas.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

— Sárú ar Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2022 – Credit Suisse Group agus páirtithe eile v an Coimisiún

(Cás T-84/22)

(2022/C 148/52)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóirí: Credit Suisse Group AG (Zurich, an Eilvéis), Credit Suisse AG (Zurich), Credit Suisse Securities (Europe) Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaithe: R. Wesseling agus F. Brouwer, Dlíodóirí)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh críochnaitheach C(2021) 8612 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2021 i gCás AT.40135 – FOREX (Sterling Lads) (an "Cinneadh") a chur ar neamhní de bhun Airteagal 263 CFAE;

— Mar mhalairt ar sin, Airteagal 1 den Chinneadh a neamhniú i bpáirt de bhun Airteagal 263 CFAE agus an fhíneáil a fhorchuirtear in Airteagal 2 den Chinneadh de bhun Airteagal 261 CFAE a laghdú;

— I gcás ar bith, méid na fíneála a fhorchuirtear in Airteagal 2 den Chinneadh a laghdú de bhun Airteagal 261 CFAE;

— A fhorordú, mar bheart eagrúcháin nós imeachta nó fiosrúcháin de bhun Airteagal 88(1) agus Airteagal 89(3)(d) nó 91(b) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta faoi seach, don Choimisiúin cinneadh maidir le socrú a ghlacadh;

— a ordú don Choimisiún costais na nIarratasóirí a íoc nó, mar mhalairt air sin, sciar dá gcostais a íoc de bhun Airteagal 134 de na Rialacha Nós Imeachta.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 101 CFAE agus gur mhainnigh sé cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt chun a chinneadh gur comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe iad na Comhráite Malartaithe Faisnéise. Go sonrach,

   — theip ar an gCoimisiún an fhianaise is gá a thabhairt ar aird chun a shuíomh gurb ann don Chomhthuiscint Fholuiteach agus dá bhrí sin, gur comhaontú agus/nó cleachtas comhbheartaithe de réir bhrí Airteagal 101 CFAE atá sna Comhráite Malartaithe Faisnéise;

   — mar mhalairt ar sin, ní féidir leis an bhfianaise a bhfuil an Coimisiún ag brath uirthi an caighdeán dlíthiúil is gá a bhaint amach chun a chruthú gur comhaontú agus/nó cleachtas comhbheartaithe de réir bhrí Airteagal 101 CFAE iad na Comhráite Malartú Faisnéise.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 101 CFAE agus gur thug sé cúiseanna neamh-leordhóthanacha le cinneadh a dhéanamh go raibh sé mar chuspóir ag na Comhráite Malartaithe Faisnéise, a scartar ina n-aonar nó a chaitear leo mar chuid de shárú aonair agus leanúnach arna líomhain ina bhfuil iompar arna líomhain eile ann nach bhfuil CS faoidhliteanas i ndáil leis, srian a chur agus/nó saobhadh a dhéanamh ar an iomaíocht. Go sonrach,

   — mhainnigh an Coimisiún a dhualgas cruthúnais a urscaoileadh faoi Airteagal 101 CFAE go gcuireann na Comhráite Malartaithe Faisnéise srian ar an iomaíocht trí chuspóir.

   — rinne an Coimisiún earráid dlí trí chinneadh a dhéanamh go bhfuil míniú dlisteanach ar iompar agus éifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta neamhábhartha faoi Airteagal 101(1) CFAE.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 101 CFAE agus gur thug sé cúiseanna neamh-leordhóthanacha chun coincheap an tsáraithe aonair agus an tsáraithe leanúnaigh a chur i bhfeidhm. Go sonrach,

   — mhainnigh an Coimisiún a chruthú agus cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt go raibh plean foriomlán ann ag tabhairt faoi chomhchuspóir a raibh sé beartaithe ag CS cur leis nó a raibh sé eolach air nó a d'fhéadfadh sé a thuar;

   — rinne an Coimisiún earráid dlí trí chinneadh a dhéanamh gur gné de shárú aonair agus leanúnach arna líomhain í an Chomhthuiscint Fholuiteach.

4. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 23 de Rialachán 1/2003, na Treoirlínte maidir le Fíneálacha, prionsabail na comhréireachta agus na córa comhionainne agus an dualgas cúiseanna a thabhairt. Go sonrach,

   — ghlac an Coimisiún le hionadú luach díolacháin a dhéanann áibhéil go suntasach agus go treallach ar luach díolacháin CS agus dá bhrí sin ar thábhacht eacnamaíoch an tsáraithe arna líomhain, ag tréigean an choincheapa "luach díolachán" sna Treoirlínte Fíneála;

   — tá an laghdú arna dheonú do CS le haghaidh imthosca maolaitheacha íseal go díréireach agus ní chuirtear imthosca maolaitheacha eile san áireamh;

   — déanann an fhíneáil arna fhorchur ar CS áibhéil ar a thromchúisí atá an sárú arna líomhain go suntasach;

   — sáraíonn an fhíneáil arna fhorchur ar CS prionsabal na córa comhionainne;

   — mhainnigh an Coimisiún cúiseanna leordhóthanacha a thabhairt ionas go mbeadh an Chúirt in ann measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht ríomh fhíneáil CS i gcomparáid le ríomh na bpáirtithe páirtithe a tháinig ar shocrú.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún prionsabal an dea-riaracháin agus gur sháraigh sé ceart cosanta CS trí mhainneachtain imscrúdú dúthrachtach neamhchlaonta a dhéanamh.

Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Homy Casa v EUIPO – Albatros International (Cathaoireacha)

(Cás T-89/22)

(2022/C 148/53)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis

Páirtithe sna himeachtaí

Iarratasóir: Homy Casa Ltd (Guangzhou, an tSín) (ionadaí: J. Vogtmeier, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Albatros International GmbH (Nerdlen, an Ghearmáin)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an dearaidh faoi chonspóid: Iarratasóir

An dearadh faoi chonspóid: Dearadh Comhphobail (Cathaoireacha) – Dearadh Comhphobail Uimh. 2745 554-0002

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí cealúcháin

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 30 Samhain 2021 i gCás R 837/2020-3

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais, lena n-áirítear na costais a tabhaíodh san himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc, a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

— Cur i bhfeidhm agus léirmhíniú mícheart ar Airteagal 25(1)(b) i gcomhar le hAirteagail 4, 5, 6 agus 7 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Kande Mupompa v an Chomhairle

(Cás T-90/22)

(2022/C 148/54)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Alex Kande Mupompa (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, díodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 a neamhniú [1], a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 7 den iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 [2] a neamhniú, a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena maítear go ndearnadh sárú ar chearta na cosanta. I ndáil leis sin, déanann an t-iarratasóir roinnt gearán maidir le sárú a chearta le linn na nósanna imeachta a raibh mar thoradh orthu gur ghlac an Chomhairle na bearta sriantacha ina choinne agus gur athnuaigh sí iad agus, go háirithe, sárú ar a cheart chun éisteacht a fháil faoi choinníollacha inghlactha.

2. An dara saincheist dlí lena maítear go bhfuil earráid fhollasach measúnaithe déanta ag an gComhairle maidir le rannpháirtíocht an iarratasóra i ngníomhartha ar sáruithe tromchúiseacha iad ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Cáineann an t-iarratasóir comhthéacs an athbhreithnithe roimh an athnuachan chonspóidte ar na bearta sriantacha agus conspóideann sé go bhfuil aon bhaint aige faoi láthair leis na fíorais ar a bhfuil an cinneadh chun é a áireamh ar liosta na ndaoine a chumhdaítear le Cinneadh 2010/788/CBES bunaithe.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 75).

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Ruhorimbere v an Chomhairle

(Cás T-91/22)

(2022/C 148/55)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Éric Ruhorimbere (Mbuji-Mayi, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 a neamhniú ([1]), a mhéid a chóimeadtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 8 den iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 ([2]) a neamhniú, a mhéid a choimeadtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó cosúil leis na cinn a ardaítear i gCás T-90/22, *Kande Mupompa* v *an Chomhairle*.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 75).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Amisi Kumba v an Chomhairle

(Cás T-92/22)

(2022/C 148/56)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Gabriel Amisi Kumba (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 a neamhniú ([1]), a mhéid a chóimeadtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 2 den iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 ([2]) a neamhniú, a mhéid a choimeadtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó cosúil leis na cinn a ardaítear i gCás T-90/22, *Kande Mupompa* v *an Chomhairle*.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 75).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Ramazani Shadary v an Chomhairle

(Cás T-93/22)

(2022/C 148/57)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Emmanuel Ramazani Shadary (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 a neamhniú [1], a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 9 den iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 [2] a neamhniú, a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 9 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó cosúil leis na cinn a ardaítear i gCás T-90/22, *Kande Mupompa* v *an Chomhairle*.

[1] Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 75).

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Mutondo v an Chomhairle

(Cás T-94/22)

(2022/C 148/58)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Kalev Mutondo (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 a neamhniú [1], a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 10 den iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 [2] a neamhniú, a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó cosúil leis na cinn a ardaítear i gCás T-90/22, *Kande Mupompa* v *an Chomhairle*.

(1) Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 75).

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Kanyama v an Chomhairle

(Cás T-95/22)

(2022/C 148/59)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Célestin Kanyama (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 a neamhniú (1), a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 4 den iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 (2) a neamhniú, a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó cosúil leis na cinn a ardaítear i gCás T-90/22, *Kande Mupompa* v *an Chomhairle*.

(1) Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 75).

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Kampete v an Chomhairle

(Cás T-96/22)

(2022/C 148/60)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Ilunga Kampete (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 ([1]) a neamhniú, a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 1 den iarscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 ([2]) a neamhniú, a mhéid choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gcinneadh sin;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó cosúil leis na cinn a ardaítear i gCás T-90/22, *Kande Mupompa* v *an Chomhairle*.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021, L 443, lch. 75).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) nº 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021, L 443, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Ilunga Luyoyo v an Chomhairle

(Cás T-97/22)

(2022/C 148/61)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Ferdinand Ilunga Luyoyo (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 a neamhniú ([1]), a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 3 den iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 ([2]) a neamhniú, a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó cosúil leis na cinn a ardaítear i gCás T-90/22, *Kande Mupompa* v *an Chomhairle*.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 75).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – Boshab v an Chomhairle

(Cás T-98/22)

(2022/C 148/62)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Évariste Boshab (Kinshasa, Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (ionadaithe: T. Bontinck, P. De Wolf, A. Guillerme agus T. Payan, dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 a neamhniú ([1]), a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 6 den iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin;

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021 ([2]) a neamhniú, a mhéid a choimeádtar leis an t-iarratasóir faoi Uimh. 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin;

— a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí atá, go bunúsach, comhionann nó cosúil leis na cinn a ardaítear i gCás T-90/22, *Kande Mupompa* v *an Chomhairle*.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/2181 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 75).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2177 ón gComhairle an 9 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm i dtaca le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (IO 2021 L 443, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Ciar/EUIPO – Motion (Gléas láimhseála)

(Cás T-100/22)

(2022/C 148/63)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Iodáilis

Páirtithe

Iarratasóirí: Ciar SpA (Pesaro, an Iodáil) (ionadaithe: L. Goglia, S. Lavagnini, B. Villa, dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Motion SpA (Forlì, an Iodáil)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an dearaidh faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Dearadh atá faoi cheist: Dearadh Comhphobail (gléas láimhseála) Uimh. 002 237 495-0009

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí le haghaidh neamhniú

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 9 Nollaig 2021 i gCás R 50/2017-3

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus chuige sin glacadh leis an gcinneadh de chuid an Rannáin Cealúcháin nó in aon chás a dhearbhú go bhfuil an dearadh Comhphobail faoi chonspóid ar neamhní

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle agus cur i bhfeidhm mícheart den chéanna;

— Sárú ar Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle agus cur i bhfeidhm mícheart den chéanna;

— Sárú ar Airteagal 63(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

Caingean arna tionscnamh an 8 Márta 2022 – RT France v an Chomhairle

(Cás T-125/22)

(2022/C 148/64)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: RT France (Boulogne-Billancourt, an Fhrainc) (ionadaí: E. Piwnica, Dlíodóir)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh (CBES) 2022/351 ón gComhairle an 1 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine a chur ar neamhní;

— Rialachán (AE) 2022/350 ón gComhairle an 1 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine a chur ar neamhní;

— a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais go léir a íoc;

leis na hiarmhairtí dlíthiúla uile lena mbaineann.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an cosantóir sárú ar an gceart chun cosaint a fháil agus prionsabal na sáraíochta, a áirithítear le hAirteagail 41 agus 48 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an cosantóir sárú ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil a áirithítear le hAirteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an cosantóir sárú ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh a chosnaítear le hAirteagal 16 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an cosantóir sárú ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a eascraíonn as Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Feabhra 2022–El Corte Inglés v EUIPO – Ou (-Vpro)

(Cás T-491/20) ([1])

(2022/C 148/65)

Teanga an cháis: an Spáinnis

D'ordaigh Uachtarán an naoú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

([1]) IO C 313 an 21.9.2020.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Feabhra 2022– Civitta Eesti v an Coimisiún

(Cás T-665/21) ([1])

(2022/C 148/66)

Teanga an cháis: an Béarla

D'ordaigh Uachtarán an Séú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

([1]) IO C 490 an 6.12.2021.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Feabhra 2022– Hoteles Olivencia v EUIPO – Corporacion H10 Hotels (HOTELES HO)

(Cás T-707/21)

(2022/C 148/67)

Teanga an cháis: an Spáinnis

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA